

# Plean Bliantúil Soláthair Seirbhíse

2025

Comhairle Contae  
Fhine Gall  
Fingal County  
Council



# ÁR MISEAN

Seirbhís ar  
ardchaighdeán atá  
dírithe ar dhaoine  
a sholáthar,  
fás pleanáilte  
a chumasú, dul  
i gceannas ar  
ghníomhú ar  
son na haeráide  
agus ceiliúradh  
a dhéanamh  
ar oidhreacht  
chultúrtha.

# Clár Ábhair

## Réamhrá

	Lch 4
Tosaíochtaí Eagraíochtúla	Lch 5
Struchtúr Eagrúcháin	Lch 6
Acmhainní Eagrúcháin	Lch 7
Cur i bhFeidhm agus Monatóireacht	Lch 7

## Ranna Seirbhíse

Forbairt Eacnamaíochta, Fiontraíochta, Turasóireachta agus Chultúrtha	Lch 10
Timpeallacht, Gníomhú ar son na hAeráide, Taisteal Gníomhach agus Spóirt	Lch 19
Tithíocht agus Forbairt Pobail	Lch 27
Oibríochtaí	Lch 35
Pleanáil agus Forbairt Straitéiseach	Lch 40

## Seirbhísí Tacaíochta

Ailtirí	Lch 45
Seirbhísí Corparáideacha	Lch 47
Seirbhísí Digiteacha	Lch 50
Airgeadas	Lch 53
Dlí	Lch 55
Seirbhísí Daoine	Lch 56

## Údarás Inniúil

An tÚdarás Inniúil um Thorann Aerárthaí	Lch 59
---	--------

## Réamhrá

Glacann Comhaltaí na Comhairle Contae le Plean Bliantúil Soláthair Seirbhíse 2025 Chomhairle Contae Fhine Gall i gcomhthéacs cuspóirí an Phlean Corparáideach 2025 – 2029 a sheachadadh.

Leagtar amach sa Phlean Seirbhíse na príomhsheirbhísí atá beartaithe ag an Údarás Áitiúil a sholáthar don phobal sa tréimhse go dtí deireadh 2025. In éineacht leis na príomhsheirbhísí seo, leagtar amach sa Phlean maoiniú seirbhíse, cuspóirí seachadta seirbhíse agus tomhais feidhmíochta na seirbhísí seo. Agus é sin á dhéanamh, is pointe tagartha é an Plean do shaoránaigh Fhine Gall le haghaidh faisnéise ar na seirbhísí agus na caighdeáin feidhmíochta ar féidir leo a bheith ag súil leo óna nÚdarás Áitiúil.




# Tosaíochtaí Eagraíochtúla

Leagann an Plean Corparáideach amach Misean, Tosaíochtaí Straitéiseacha agus Cuspóirí Straitéiseacha Chomhairle Contae Fhine Gall thar théarma oifige cúig bliana na Comhairle.

Leagann an Plean Bliantúil Soláthair Seirbhíse amach na príomhchuspóirí agus tosaíochtaí soláthair seirbhíse do gach bliain ar leith.

Ansin scaipeann na cuspóirí seirbhíse seo isteach i bPleananna Foirne Oibriúcháin agus i Cuspóirí agus Gníomhartha na mball foirne aonair tríd an bPróiseas CBFF.

Hierarchy of Plans and Objectives




Soláthraíonn na Tosaíochtaí agus Cuspóirí atá leagtha amach sa Phlean Corparáideach an creat ina mbeidh seirbhísí le seachadadh ag Feidhmeannacht na Comhairle.

Leagtar amach sa Phlean Soláthair Seirbhíse seo conas a dhéanfar na tosaíochtaí agus na cuspóirí seo a chur chun cinn i 2025.



# Organisational Structure



Socraítear seirbhísí Chomhairle Contae Fhine Gall thart ar roinnt príomh-Ranna feidhme. Cuirtear na príomhsheirbhísí ar fáil trí na Ranna Soláthair Seirbhíse seo a leanas:

- Forbairt Eacnamaíochta, Fiontraíochta, Turasóireachta agus Chultúrtha
- Timpeallacht, Gníomhú ar son na hAeráide, Taisteal Gníomhach agus Spóirt
- Tithíocht agus Forbairt Pobail
- Oibríochtaí
- Pleanáil agus Bonneagar Straitéiseach

Faigheann na ranna seo tacaíocht ó ranna cumasúcháin laistigh den eagraíocht a sholáthraíonn tacaíochtaí riachtanacha thar na ranna go léir chun soláthar seirbhíse agus cláir oibre a éascú, cé nach bhfuil siad freagrach as soláthar seirbhíse díreach.

Is iad na Ranna Tacaíochta:

- Ailtirí
- Seirbhísí Corparáideacha
- Seirbhísí Daoine
- Seirbhísí Digiteacha
- Airgeadas
- Dlí

Tá Comhairle Contae Fhine Gall ainmnithe mar an tÚdarás Inniúil chun críocha rialáil torainn aerárthaigh ag Aerfort Bhaile Átha Cliath. Tá sé seo á riar ag An tÚdarás Inniúil um Thorann Aerárthaí.



## Acmhainní Eagrúcháin

Cuireadh an Buiséad don bhliain dar críoch an 31ú Nollaig 2025 faoi bhráid na gComhaltaí agus d'fhaomh siad é ar an 3ú Nollaig 2024 agus forálann sé do chaiteachas iomlán de €388.9m.

Roinn	Cur síos ar an tSeirbhís	Caiteachas (€)	% den Bhuiséad	Caiteachas in aghaidh gach duine den daonra (€)
A	Tithíocht agus Tógáil	135,762,200	34.91%	412.38
B	Iompar agus Sábháilteacht ar Bhóithre	44,021,700	11.32%	133.72
C	Seirbhísí Uisce	18,914,800	4.86%	57.45
D	Bainistíocht Forbartha	36,202,300	9.31%	109.96
E	Seirbhísí Timpeallachta	54,781,800	14.09%	166.40
F	Áineas agus Conláiste	73,719,900	18.96%	233.92
G	Talmhaíocht, Bia agus Mara	1,881,700	0.48%	5.72
H	Seirbhísí Ilchineálacha	23,591,500	6.07%	71.66
<b>Iomlán</b>		<b>€ 388,875,900</b>	<b>100.00%</b>	<b>€ 1,191.21</b>

Is é cuspóir foriomlán na Comhairle do bhuiséad 2025 ná seirbhísí ardchaighdeáin a choinneáil agus cabhrú le seachadadh na dtionscadal bonneagair riachtanach sa Chontae.

Is iad seo a leanas na hacmhainní foirne atá ar fáil don chomhairle ón 31ú Nollaig 2024:

Catagóir Fostaithe	Iomlán
Cléireachais/Riaracháin	745
Bainistiúil	11
Allamuigh	550
Gairmiúil/Teicniúil	322
<b>Iomlán</b>	<b>1628</b>

Leanadh le gníomhaíocht earcaíochta i mbliana le 101 comórtas ar siúl i 2024. Mar thoradh ar an deis dul chun cinn a dhéanamh laistigh d'earnáil na n-údarás áitiúil, den tseirbhís phoiblí go ginearálta agus den earnáil phríobháideach tá timpeallacht earcaíochta agus coinneála thar a bheith iomaíoch agus lean leibhéal shuntasacha síorathrú ar aghaidh.

## Cur i bhFeidhm agus Monatóireacht

Leagtar amach sa Phlean Bliantúil Soláthair Seirbhíse seo na príomhsheirbhísí atá beartaithe ag an gComhairle a sheachadadh faoi dheireadh mhí na Nollag 2025 laistigh de na srianta atá ar mhaoiniú agus ar acmhainní faoi láthair.

Déanfaidh an Fhoireann Bainistíochta Feidhmiúcháin monatóireacht ar an bPlean agus déanfar dul chun cinn ar chúrsaí a thuairisciú trí Thuarascáil mhíosúil an Phríomhfheidhmeannaigh ag Cruinnithe na Comhairle.



# RANNA SEIRBHÍSE





**Xplore**  
YOUR FUTURE  
FINGAL TY SKILLS EXPO  
See it BE IT  
CITY OF DUBAI  
ARMAC

City of Dubai

ARMAC

# Forbairt Eacnamaíochta, Fiontraíochta, Turasóireachta agus Chultúrtha

Cuireann an Roinn Forbartha Eacnamaíochta, Fiontraíochta, Turasóireachta agus Chultúrtha (RFEFTC) fostaíocht áitiúil, feabhsú táirgiúlachta agus fás agus forbairt eacnamaíochta agus cultúrtha an chontae chun cinn.

Baintear é seo amach trí oibriú i gcomhpháirtíocht le inter alia gnólachtaí áitiúla, grúpaí ealaíon & pobail, comhlachais tráchtála, gníomhaireachtaí stáit agus institiúidí ardoideachais.

Forbraítear agus cuirtear i bhfeidhm tionscnaimh bheartais ar fud na bpríomhréimsí de chur chun cinn agus éascú infheistíochta, forbairt eacnamaíoch, thionsclaíoch agus áitiúil, forbairt scileanna, gnó inbhuanaithe, forbairt turasóireachta agus margaíocht, athghiniúint bailte agus sráidbhailte trí chur chuige maidir le comhfhorbairt áite agus Lár an Bhaile chun Tosaigh, forbairt uirbeach agus tuaithe, rannpháirtíocht i gCláir AE agus tacaíocht fiontraíochta áitiúil.

Leanfaidh na hOifigí Ealaíon agus Imeachtaí ar aghaidh ag tacú le saol cultúrtha an chontae ag cur clár leathan ar fáil agus ag tacú le dhá ionad ealaíon an Chontae, Draíocht agus Ionad Seamus Ennis, Clár Éire Ildánach agus cumas forbartha eacnamaíochta agus pobail na bhféilte agus na n-imeachtaí.

Soláthraíonn Straitéis Forbartha Eacnamaíochta Fhine Gall sa Todhchaí an creat straitéiseach d'fhorbairt eacnamaíoch sa chontae anois, agus treoraíonn sí an Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail, Straitéisí Scileanna, Turasóireachta agus Bia agus rannpháirtíocht an chontae i dTionscnamh Chonair Eacnamaíoch Bhaile Átha Cliath Bhéal Feirste.

Leagann Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail Fhine Gall creat níos gearrthearmaí amach d'obair eacnamaíoch agus phobail i bhFhine Gall agus leanfaidh an CBS Eacnamaíochta, Fiontraíochta & Turasóireachta agus CFPÁ ag maoirsiú chur i bhfeidhm chuspóirí an PÁEP, chomh maith leis na Cláir LEADER agus CCSGP.

Seolfar an mórthaispeántas 'Xplore Your Future Skills' arís i 2025.

Leanfar le rannpháirtíocht ghníomhach i dtionscnaimh eacnamaíocha réigiúnacha faoi Chomhpháirtíocht Eacnamaíoch Bhaile Átha Cliath agus Bhéal Feirste (CEBÁCBF) agus ag tacú leo i 2025, lena n-áirítear Cruinniú Mullaigh CEBÁCBF i mí Feabhra 2025.

Leanfaidh rannpháirtíocht i dTionscadail Eorpacha sna Cláir Interreg agus Urbact i 2025.

Leanfar le Straitéis Turasóireachta Fhine Gall 2024-2029 agus Beartas Bia & Dí Fhine Gall 2024-2029 a chur i bhfeidhm i gcomhar le comhpháirtithe áitiúla agus náisiúnta turasóireachta, bia & dí agus páirtithe leasmhara.

Comhlánaíonn na straitéisí seo an Plean Forbartha Fiontraíochta Áitiúil 2025-2028, a sheachadann an Oifig Fiontair Áitiúil le maoiniú a sholáthraíonn Fiontraíocht Éireann. Leanfaidh líonra na nIonad Fiontair sa chontae ag fáil tacaíochta.



Leanfar de bheith ag tacú le clár oibre Choiste Beartais Straitéisigh an EETCD, an Choiste Forbartha Pobail Áitiúil (CFPÁ) agus an Lónra Lárionad Fiontraíochta feidhmiúil agus na nithe is díol spéise do Chuartheoirí – Maoin Oidhreachta.

Beidh monatóireacht agus freagairt don éileamh ar thalamh infheistíochta agus fáil tailte do riachtanais reatha agus sa todhchaí mar thosaíocht i gcónaí.

Feidhmíonn Roinn na Leabharlann 10 mbrainse leabharlainne, Staidéir & Cartlanna Áitiúla, 4 veain leabharlainne taistil agus seirbhís do dhaoine gan dídean. Tá leabharlanna i bhFine Gall forásach agus nuálaíoch agus cuireann siad spásanna inrochtana, daonlathacha, cuimsitheacha agus dinimiciúla ar fáil inar féidir le daoine bualadh le chéile, páirt a ghlacadh, cruthú agus foghlaim. Eagraíonn foireann na leabharlainne raon leathan imeachtaí agus gníomhaíochtaí cultúrtha, oideachais agus áineasa i rith na bliana agus ó thús 2022 comhordaíonn siad clár Éire Ildánach d'Fine Gall.

### Príomhsheirbhísí agus Acmhainní Airgeadais:

Leagtar amach sa tábla thíos an soláthar buiséadach a ghlac Comhaltaí Chomhairle Contae Fhine Gall i mBuiséad 2025 chun na seirbhísí seo a mhaoiniú:

Príomhsheirbhís / Seirbhís ar Chostas Íseal	Cur síos ar an tseirbhís	Iomlán (€)
D04	Áiseanna Tionscail agus Tráchtála	793,900
D05	Forbairt agus Cur Chun Cinn na Turasóireachta	1,002,800
D06	Feidhm Pobail agus Fiontair	399,000
D09	Forbairt agus Cur Chun Cinn Eacnamaíochta	2,816,200
D10	Bainistiú Réadmhaoine	660,100
D11	Seirbhísí Oidhreachta agus Caomhnaithe	18,400
F05	Feidhmiú an Chláir Ealaíon / Féilte & Ceolchoirmeacha	10,473,700
J101	Seirbhísí Maoine	207,000
F02	Oibriú Leabharlanna agus Seirbhísí Cartlainne	12,489,100
<b>Iomlán</b>		<b>€ 28,860,200</b>



## Príomhchuspóirí Seirbhíse:

Leagtar amach sa tábla thíos na cuspóirí soláthair seirbhíse do na príomhsheirbhísí a sholáthrófar le linn 2025:

Uimhir Thagartha an Phlean Chorporáidigh	Uimhir an Phlean Bliantúil Soláthair Seirbhíse	Cuspóir Seirbhíse	Tomhas Feidhmíochta
CP-T2.G2.O6 CP-T2.G1.O6	SDP25-EETCD-01	Geilleagar áitiúil láidir a chothú, gnó atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de a chur chun cinn agus tacú le bainistíocht agus forbairt an eastáit chorporáidigh	<p>Tacaíocht d'fhorbairt eacnamaíoch sa Chontae.</p> <p>Cur i bhfeidhm Straitéis Forbartha Eacnamaíochta Fhine Gall sa Todhchaí.</p> <p>Straitéis nua Fhine Gall Inbhuanaithe don Todhchaí a ullmhú chun tacú le forbairt eacnamaíoch atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de sa Chontae agus an geilleagar ciorclach a chur chun cinn.</p> <p>Tacaíocht d'fhorbairt eacnamaíoch réigiúnach trí Chomhpháirtíocht CEBÁCBF.</p> <p>Seachadadh Creatphleananna Bhaile Stiofáin (FP 4.A) agus Bhaile an Phúcaigh Beag (FP 4.B).</p> <p>Tacú le agus dul chun cinn a dhéanamh ar fhorbairt ghabháiltais talún tionsclaíochta, bonneagair, tithíochta agus áineasa na Comhairle trí thionscadail a sheachadadh, trí cheannach agus trí dhiúscairt réadmhaoine.</p> <p>Taispeántas 'Xplore your Skills' Fhine Gall a sheachadadh.</p>
CP- T2.G2.O6	SDP25-EETCD-02	<p>Tacaíochtaí a dhíriú ar ghnólachtaí áitiúla i bhFine Gall</p> <p>Fiontraíocht a chur chun cinn, gnólachtaí nuathionscanta a chothú agus micreaghnóthaí agus gnólachtaí beaga a fhorbairt</p>	<p>Fianaise ar an bhfiontraíocht a chur chun cinn.</p> <p>Líon na socruithe gnó ar tugadh tacaíocht dóibh.</p> <p>Líon na micreaghnóthaí agus na ngnólachtaí beaga a fhaigheann ar tacaíodh leo.</p>

Uimhir Thagartha an Phlean Chorparáidigh	Uimhir an Phlean Bliantúil Soláthair Seirbhíse	Cuspóir Seirbhíse	Tomhas Feidhmíochta
		Cruthú post a chur chun cinn agus tacaíochtaí ardchaighdeán inrochtana a sholáthar do smaointe gnó nua	Líon na bPost a cruthaíodh. Líon smaointe gnó nua ar tacaíodh leo.
CP- T2.G2.O6	SDP25-EETCD-03	Cláir forbartha pobail agus eacnamaíochta áitiúla a chur i bhfeidhm agus a bhainistiú lena n-áirítear (CCSGP) agus LEADER	Cláir seachadta go héifeachtach. Clár nua LEADER a chur chun cinn agus a chur i bhfeidhm.
CP - T6.G6.O4	SDP25-EETCD-04	Ceannaireacht chomhoibríoch a chothú i measc geallsealbhóirí i bhforbairt pobail agus eacnamaíoch áitiúil chun cruthú post a chur chun cinn agus chun tacaíochtaí ardchaighdeán inrochtana a sholáthar do smaointe gnó nua	Tacaigh le CFPÁ. PÁEP a chur i bhfeidhm. Éire Shláintiúil a chur i bhfeidhm. Plean Áineasa Allamuigh an Chontae (PÁAC) a ullmhú. Rannpháirtíocht agus seachadadh Thionscadail AE. Seachadadh tionscadal a chur chun cinn faoi shruthanna maoinithe éagsúla.
CP - T1.G1.O8 CP - T2.G2.O6	SDP25-EETCD-05	Ár bPlean Athnuachana i mBaile Brigín agus Beartas Athghiniúna Lár an Bhaile chun Tosaigh a chur i bhfeidhm	Cuspóirí Ár bPlean Athnuachana i mBaile Brigín a Chur Chun Cinn agus a Chur i bhFeidhm. Seachadadh Tionscadail CAFU Maoinithe. Gníomhaíochtaí a chur chun cinn agus a chur i bhfeidhm faoi Cuspóirí Baile Brigín Cliste. Ullmhaigh agus cuir i bhfeidhm na Chéad Phleananna Lár an Bhaile chun Tosaigh agus Seiceálacha Sláinte Lár an Bhaile chun Tosaigh. Cur chuige réamhghníomhach a ghlacadh chun déileáil le láithreáin thréigthe agus folúntais. Deiseanna do Thionscnaimh



Uimhir Thagartha an Phlean Chorpáraidigh	Uimhir an Phlean Bliantúil Soláthair Seirbhíse	Cuspóir Seirbhíse	Tomhas Feidhmíochta
			<p>Athghiniúna a aithint agus leas a bhaint astu – Lár an Bhaile chun Tosaigh, CAFU &amp; CAFT.</p> <p>Scéimeanna Feabhsúcháin Sráid-dreacha agus Aghaidheanna Siopaí a chur chun cinn agus a chur i bhfeidhm ar fud an Chontae.</p>
CP – T2.G2.O6	SDP25-EETCD-06	Moladh agus margáiocht na turasóireachta sa Chontae a neartú	<p>Straitéis Turasóireachta Fhine Gall a chur chun cinn agus a chur i bhfeidhm.</p> <p>Creat comhoibrithe a fhorbairt le geallsealbhóirí turasóireachta, bia agus dí inmheánacha, áitiúla agus náisiúnta.</p> <p>Aontú ar phlean margáiochta nuálaíoch, breisluacha, dea-chleachtais, turasóireachta, bia &amp; dí.</p> <p>Iniúchadh ar fud an chontae a fhorbairt ar shócmhainní turasóireachta agus bia &amp; dí.</p>
CP – T2.G2.O6 CP – T3.G3.O8	SDP25-EETCD-07	Éascú a dhéanamh ar chruthú ceann scríbe turasóireachta bia agus dí i bhFine Gall	<p>Beartas Bia &amp; Deoch a chur i bhfeidhm.</p> <p>Líonra de tháirgeoirí agus de sholáthraithe bia atá faoi stiúir an tionscail a éascú.</p> <p>Cumasaigh tairiscintí bia níos suntasaí ag Maoin Oidhreachta.</p> <p>Táirgeadh agus soláthar áitiúil a spreagadh agus a rianú.</p> <p>Margaí bia agus dí nua agus reatha a fhorbairt.</p>
CP – T1.G1.O8 CP – T2.G2.O6	SDP25-EETCD-08	Tionscnaimh turasóireachta oidhreachta a chur chun cinn ag Maoin Oidhreachta Fhine Gall	Méadú ar líon na n-imeachtaí oidhreachta ag réadmhaoine oidhreachta.

Uimhir Thagartha an Phlean Chorparáidigh	Uimhir an Phlean Bliantúil Soláthair Seirbhíse	Cuspóir Seirbhíse	Tomhas Feidhmíochta
			<p>Oibriú i gcomhar le hoibreoirí chun oibreacha athchóirithe a dhéanamh agus bailiúcháin a leathnú.</p> <p>Páirt a ghlacadh i gCCMÉ i maoin oidhreachta amháin ar a laghad.</p>
<p>CP - T1.G1.O8</p> <p>CP - T.G2.O6</p>	<p>SDP25-EETCD-09</p>	<p>Eispéiris chuairoteoirí a bharrfheabhsú agus a leathnú ag gach ní is díol spéise do chuairteoirí i bhFine Gall agus ag imeachtaí</p>	<p>Clár Caipitil uailmhanach a chur i bhfeidhm chun, nithe is díol spéise do chuairteoirí CCFG a fhorbairt agus a fheabhsú.</p> <p>Méadú ar líon na n-imeachtaí ar scála mór ag réadmhaoine oidhreachta.</p> <p>Cur chuige níos comhoibrithe a bhunú maidir leis an gcaoi a ndéantar margaíocht ar nithe is díol spéise do chuairteoirí.</p>
<p>CP - T3.G1.O6</p>	<p>SDP25-EETCD-10</p>	<p>Plean Forbartha Ealaíon Fhine Gall 2019 - 2025 a chur i bhfeidhm</p>	<p>Cuirtear gníomhartha mar atá leagtha amach sa Phlean i bhfeidhm.</p>
<p>CP - T3.G1.O6</p>	<p>SDP25-EETCD-11</p>	<p>An Creat-Chomhaontú Ocht mBliana leis an gComhairle Ealaíon a chur i bhfeidhm</p>	<p>Cuirtear gníomhartha mar atá leagtha amach sa Chreat-Chomhaontú i bhfeidhm.</p>
<p>CP-T3.G3.O5</p> <p>CP-T3.G3.O6</p>	<p>SDP25-EETCD-12</p>	<p>Plean Forbartha Sheirbhís Leabharlainne Fhine Gall 2024 - 2029 a chur i bhfeidhm</p>	<p>Cuirtear gníomhartha mar atá leagtha amach sa Phlean i bhfeidhm.</p>
<p>CP-T3.G3.O5</p> <p>CP-T6.G6.O5</p>	<p>SDP25-EETCD-13</p>	<p>Leabharlanna fáiltiúla, daonlathacha, sábháilte agus inbhuanaithe a sholáthar i gcoilár ár bpobail</p>	<p>Táthar ag dul ar aghaidh leis an ullmhúchán don Leabharlann Contae nua i gCeathrú an Chultúir Shoird.</p> <p>Osclaítear Leabharlann na Sceirí atá athchóirithe agus sínte.</p> <p>Tá Leabharlann Dhomhnach Bat athlonnaithe go Teach Bhaile Uisce.</p> <p>Críochnaíodh oibreacha feabhsúcháin ar Leabharlann Bhaile Dúill.</p>



Uimhir Thagartha an Phlean Chorpáraidigh	Uimhir an Phlean Bliantúil Soláthair Seirbhíse	Cuspóir Seirbhíse	Tomhas Feidhmíochta
<p>CP-T3.G3.O3 CP-T3.G3.O4 CP-T3.G3.O6 CP-T3.G3.O8</p>	<p>SDP25-EETCD-14</p>	<p>Dul i mbun le agus comhoibriú le grúpaí áitiúla, náisiúnta agus pobail, chun seirbhísí agus cláir leabharlainne atá cuimsitheach, éagsúil agus ábhartha a sholáthar</p>	<p>CForbraítear cláir chomhoibríoch le saineolas grúpaí áitiúla agus náisiúnta.</p> <p>Soláthraítear raon éagsúil d'imeachtaí uilechuimsitheacha, cruthaitheacha agus cultúrtha trí Chlár Éire Ildánach.</p> <p>Déantar iniúchadh ar shamhlacha de rannpháirtíocht an phobail leis an tionscnamh makerspace.</p>
<p>CP-T4.G4.O1 CP-T4.G4.O3</p>	<p>SDP25-EETCD-15</p>	<p>Leabharlanna inrochtana agus cuimsitheacha a sholáthar do chách</p>	<p>Cuirtear rochtain níos fearr agus uaireanta oscailte níos faide ar fáil trí 'Mo Leabharlann Oscailte' a sholáthar.</p> <p>Déantar maoiniú Éire Ildánach agus saineolas na gcleachtóirí cruthaitheacha a ghíaráil lena chinntiú go mbíonn rochtain ag gach duine ar ghníomhaíochtaí cruthaitheacha.</p> <p>Feabhsaítear bailiúcháin agus acmhainní speisialaithe a thacaíonn le litearthacht, scileanna saoil agus foghlaim ar feadh an tsaoil.</p> <p>Cuirtear rochtain ar theicneolaíochtaí agus ar Sheirbhísí nua ar fáil chun tacú le daoine dul i ngleic leis an saol digiteach.</p>
<p>CP-T3.G3.O6 CP-T4.G4.O1</p>	<p>SDP25-EETCD-16</p>	<p>Rochtain a sholáthar do shaoránaigh ar dheiseanna cultúrtha, cruthaitheacha agus foghlama trí sheirbhísí leabharlainne</p>	<p>Feabhsaítear bailiúcháin leabhar, idir fhisiceach agus leictreonach, le caiteachas méadaithe ar an gciste leabhar.</p> <p>Cuirtear cláir oideachais agus foghlama ar feadh an tsaoil neamhfhoirmiúil ar ardchaighdeán ar fáil do gach aoisghrúpa agus Grúpa socheacnamaíoch.</p>



Uimhir Thagartha an Phlean Chorparáidigh	Uimhir an Phlean Bliantúil Soláthair Seirbhíse	Cuspóir Seirbhíse	Tomhas Feidhmíochta
			Leanann an clár digitithe ag Staidéar Áitiúil agus sa Chartlann ar aghaidh.





# BIKE DISCO

5K Fun Cycle



DUBLIN CYCLING CAMPAIGN

CULTURE NIGHT

Comhairle Cathrach  
Bhaile Átha Cliath  
Dublin City Council

Comhairle Contae  
Ríona Gall  
Fingean County  
Council

OPW



# Timpeallacht, Gníomhú ar son na hAeráide, Taisteal Gníomhach agus Spóirt

Cuireann an Roinn Timpeallachta, Gníomhaithe ar son na hAeráide, Taisteal Gníomhach agus Spóirt raon leathan seirbhísí ar fáil go príomha sna réimsí a bhaineann le Cosaint agus Forfheidhmiú an Chomhshaoil, Rialú Madraí & Capall, Gníomhú ar son na hAeráide, tionscnaimh Taistil Gníomhach agus Cláir Spóirt.

Déanann an Roinn bainistiú freisin ar láithreáin líonta talún dúnta agus stairiúla, ar líonra ionad fág anseo (buidéal, alúmanam agus teicstílí), Feasacht Comhshaoil agus Cláir Oideachais agus tionscnaimh lena n-áirítear clár náisiúnta na scoileanna glasa.

Sonraíonn an Plean Cigireachta Comhshaoil (ÍCMIC) na gníomhaíochtaí pleanáilte um fhorfheidhmiú agus rialú comhshaoil ag an gComhairle sna réimsí Dramhaíola, Uisce, Aer, Torainn agus Bruscair.

Tá Taisteal Gníomhach ina thosaíocht ag an Roinn mar chuid dá dtiomantas leanúnach do Ghníomhú ar son na hAeráide. Déanann an Roinn bainistiú freisin ar rannóg um shábháilteacht ar bhóithre agus seirbhís maor scoile a sholáthar.

Soláthraíonn an Rannóg Spóirt cláir nuálacha spóirt chun folláine fhisiceach a chur chun cinn, oiliúint a chur ar fáil, maoiniú deontais a riaradh agus próifíl an spóirt a mhéadú i bhFine Gall.

## Príomhsheirbhísí & Acmhainní Airgeadais

Leagtar amach sna táblaí thíos an soláthar buiséadach a ghlac Comhaltaí Chomhairle Contae Fhine Gall i mBuiséad 2025 chun na seirbhísí seo a mhaoiniú de réir catagóire:

### Timpeallacht & Aeráid

Príomhsheirbhís / Seirbhís ar Chostas Íseal	Cur síos ar an tseirbhís	Iomlán (€)
E01	Oibriú Líonadh Talún agus Iarchúram	2,579,400
E02	Oibríochtaí Áiseanna Aisghabhála & Athchúrsála	4,577,300
E05	Bainistiú Bruscair	1,207,700
E07	Rialacháin Dramhaíola, Monatóireacht agus Forfheidhmiú	1,563,000
E08	Pleanáil Bainistíochta Dramhaíola	299,400



<b>Príomhsheirbhís / Seirbhís ar Chostas Íseal</b>	<b>Cur síos ar an tseirbhís</b>	<b>Iomlán (€)</b>
G04	Seirbhís Tréidliachta	1,132,900
E03	Dramhaíl go Fuinneamh	871,600
E11	Oibriú na Seirbhíse Dóiteáin	25,854,200
E13	Cáilíocht Uisce, Truailliú Aeir agus Torainn	2,809,800
E15	Athrú Aeráide & Tuilte	1,275,800
E05	Feasacht Timpeallachta	370,300
<b>Iomlán</b>		<b>€42,541,400</b>

## Taisteal Gníomhach

<b>Príomhsheirbhís / Seirbhís ar Chostas Íseal</b>	<b>Cur síos ar an tseirbhís</b>	<b>Iomlán (€)</b>
B08	Sábháilteacht ar Bhóithre agus Oideachas a Chur Chun Cinn	3,447,900
<b>Iomlán</b>		<b>€ 3,447,900</b>

## Spórt

<b>Príomhsheirbhís / Seirbhís ar Chostas Íseal</b>	<b>Cur síos ar an tseirbhís</b>	<b>Iomlán (€)</b>
F04	Spórt Pobail agus Forbairt Áineasa	1,826,300
<b>Iomlán</b>		<b>€ 1,826,300</b>

## Príomhchuspóirí Seirbhíse:

Leagtar amach sa tábla thíos na cuspóirí soláthair seirbhíse do na príomhsheirbhísí a sholáthrófar le linn 2025:

Uimhir Thagartha an Phlean Chorparáidigh	Uimhir an Phlean Bliantúil Soláthair Seirbhíse	Cuspóir Seirbhíse	Tomhas Feidhmíochta
CP-T5.G5.S04	SDP25.ECAATS.01	An Plean Náisiúnta um Bainistiú Dramhaíola do Gheilleagar Ciorclach 2024 -2030 a chur i bhfeidhm	Féach tuarascáil bhliantúil an GCC.
CP-T1.G1.S01 CP-T5.G5.S04 CP-T5.G5.S05 CP-T6.G6.S01 CP-T6.G6.S04-O8	SDP25.ECAATS.02	Iarchúram ar láithreáin líonta talún stairiúla agus dúnta	Comhlíonadh Ceanglais Cheadúnais Líonadh Talún an GCC.
CP-T1.G1.S01 CP-T1.G1.S06 CP-T5.G5.S04 CP-T6.G6.S03 CP-T6.G6.S07 CP-T6.G6.S08	SDP25.ECAATS.03	Plean Cigireachta Timpeallachta a chur i bhfeidhm do thruailliú Aeir agus Torainn	Rátáil an GCC d'fhorfheidhmiú údaráis áitiúil a tháirgtear go bliantúil.
CP-T5.G5.S04 CP-T6.G6.S03 CP-T6.G6.S07 CP-T6.G6.S08	SDP25.ECAATS.04	Plean Cigireachta Timpeallachta a chur i bhfeidhm maidir le Forfheidhmiú Dramhaíola	Rátáil an GCC d'fhorfheidhmiú údaráis áitiúil a tháirgtear go bliantúil.
CP-T6.G6.S01 CP-T6.G6.S03 CP-T6.G6.S07 CP-T6.G6.S08 CP-T6.G6.S09	SDP25.ECAATS.05	Feidhmigh Seirbhísí Maor Madraí agus Dídean Madraí	Líon na gCeadúnas Madraí a ceannáiodh.  Líon imscrúduithe (BCC léirithe) críochnaithe.  Líon na madraí a fuair baile nua nó a fuarthas ar ais.
CP-T6.G6.S01 CP-T6.G6.S03 CP-T6.G6.S07 CP-T6.G6.S08 CP-T6.G6.S09	SDP25.ECAATS.06	Feidhmigh Seirbhís Rialaithe Capall	Líon na gcapall a fuair baile nua nó a fuarthas ar ais.



Uimhir Thagartha an Phlean Chorparáidigh	Uimhir an Phlean Bliantúil Soláthair Seirbhíse	Cuspóir Seirbhíse	Tomhas Feidhmíochta
CP-T6.G6.S01-04 CP-T6.G6.S07-09	SDP25.ECAATS.07	Feidhmigh Seirbhís Maor Bruscair	Líon na bpatról críochnaithe.  Líon imscrúduithe (BCC léirithe) críochnaithe.
CP-T3.G5.S04 CP-T5.G5.S04 CP-T6.G6.S01 CP-T6.G6.S05-08	SDP25.ECAATS.08	Plean Cigireachta Timpeallachta a chur i bhfeidhm chun Uisce Dromchla, Screamhuisce agus Uisce Cósta a chosaint	Gach monatóireacht/ iniúchadh/forfheidhmiú a bhaineann le cáilíocht uisce a sheachadadh mar atá sonraithe i bPlean Bliantúil ÍCMIC.
CP-T3.G3.S02 CP-T3.G3.S04 CP-T5.G5.S02 CP-T5.G5.S04 CP-T5.G5.S05 CP-T6.G6.S09	SDP25.ECAATS.09	Clár Feasachta Timpeallachta a chur ar fáil	Líon na mbrat glas a bronnadh ar scoileanna.  of Líon na bhfeachtas Feasachta Timpeallachta agus um Laghdú Dramhaíola agus clár oideachais seachadta.
CP-T5.G5.S02 CP-T5.G5.S04 CP-T5.G5.S05 CP-T6.G6.S01 CP-T6.G6.S08	SDP25.ECAATS.10	Comhordú a dhéanamh ar sheachadadh agus ar chur i bhfeidhm an Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2024-2029	Tacú le cur chun feidhme ghníomhaíochtaí PGA agus monatóireacht a dhéanamh orthu.  Tacaíocht agus eolas a thabhairt do Ghrúpa Stiúrtha an PG agus CBS an PG.  Comhordú a dhéanamh ar thuairisciú agus ar mheasúnú an PGA lena n-áirítear ullmhú Tuarascáil Bhliantúil ar Dhul Chun Cinn le cur faoi bhráid RCAC, agus tuarascáil iomlán do Chomhairleoirí agus don phobal.  Gníomhaíochtaí PGA a sheachadadh.  Seachadadh an Chiste Pobail um Ghníomhú ar son na hAeráide.  Seachadadh feachtas Feasachta um Ghníomhú ar son na hAeráide.

Uimhir Thagartha an Phlean Chorparáidigh	Uimhir an Phlean Bliantúil Soláthair Seirbhíse		Cuspóir Seirbhíse	Tomhas Feidhmíochta
CP-T6.G6.S01 CP-T6.G6.S03 CP-T6.G6.S07 CP-T6.G6.S08 CP-T6.G6.S09	SDP25.ECAATS.11		Ionad Fág Anseo a sholáthar le haghaidh buidéal ghloine	Tonnáiste de ghloine bailithe agus athchúrsáilte.  Líon na láithreán Banc Buidéal i bhFine Gall.
CP-T1.G1.S01 CP-T1.G1.S03 CP-T2.G2.S02-05 CP-T3.G3.S01-03 CP-T3.G3.S05 CP-T3.G3.S08 CP-T5.G5.S01-05 CP-T6.G6.S01-09	SDP25-ECAATS-12		Pleanáil Straitéiseach de réir mar a ordáíonn agus a iarrann an Roinn Pleanála agus Bonneagair Straitéisigh.	Ionchuir i bpróisis phleanála reachtúla ar nós Pleananna Ceantair Áitiúil, Máistirphlean, Bonneagar Straitéiseach m.sh. Metrolink.
CP-T1.G1.S01 CP-T1.G1.S03 CP-T2.G2.S02-05 CP-T3.G3.S01-05 CP-T3.G3.S08 CP-T5.G5.S01-05 CP-T6.G6.S01-09	SDP25-ECAATS-13		Bainistíocht ar dhearadh agus ar thógáil na dtionscadal lánaí rothar cosanta	Lánaí rothaíochta cosanta a chur chun cinn agus a sheachadadh ó chlár oibreacha maoinithe an ÚNI 2025.
CP-T1.G1.S01 CP-T1.G1.S03 CP-T2.G2.S02-05 CP-T3.G3.S01-03 CP-T3.G3.S05 CP-T3.G3.S08 CP-T5.G5.S01-05 CP-T6.G6.S01-09	SDP25-ECAATS-14		Athbhreithnithe soghluaisteachta agus tionscadail ríocht phoiblí a sholáthar le haghaidh feabhsúcháin Bailte & Sráidbhailte le béim ar Thaisteal Gníomhach	Athbhreithniú ar thaisteal gníomhach/tionscadail ríocht phoiblí a chur chun cinn agus a sheachadadh ó chlár oibreacha maoinithe an ÚNI 2025.
CP-T1.G1.S0,03 CP-T2.G2.S02-05 CP-T3.G3.S01-05 CP-T3.G3.S08 CP-T5.G5.S01-05 CP-T5.G5.S02 CP-T6.G6.S01-09	SDP25-ECAATS-15		Athbhreithnithe soghluaisteachta agus tionscadail ríocht phoiblí a sholáthar le haghaidh feabhsúcháin Bailte & Sráidbhailte le béim ar Thaisteal Gníomhach	Líon na n-idirghabhálacha bonneagair seachadta de bhun iarratais ar fheabhsúcháin nascachta a chuireann taisteal gníomhach chun cinn do gach úsáideoir.



Uimhir Thagartha an Phlean Chorparáidigh	Uimhir an Phlean Bliantúil Soláthair Seirbhíse	Cuspóir Seirbhíse	Tomhas Feidhmíochta
CP-T1.G1.S06 CP-T3.G3.S01 CP-T3.G3.S03 CP-T3.G3.S04 CP-T3.G3.S08 CP-T6.G6.S01 CP-T6.G6.S03 CP-T6.G6.S04-08	SDP25-ECAATS-16	An clár Bealaí Sábháilte chun na Scoile a sheachadadh, ag spreagadh aistriú córa iompair do lucht na scoile agus ag bainistiú na maor scoile	Líon na scoileanna a chláraigh don Chlár Bealaí Níos Sábháilte chun na Scoile agus céatadán na dtionscadal a cuireadh i gcrích.  Bainistíocht ar sheirbhís na maor scoile chun seirbhís éifeachtach agus éifeachtúil a chinntiú do scoileanna an chontae.
CP-T1.G1.S06 CP-T3.G3.S01,03 CP-T3.G3.S04,08 CP-T5.G5.S01 CP-T6.G6.S01,03 CP-T6.G6.S04-09	SDP25-ECAATS-17	Ullmhúchán um Shábháilteacht ar Bhóithre agus foilsiú Phlean Sábháilteachta ar Bhóithre Fhine Gall a Chur Chun Cinn & a Fheabhsú	Plean Sábháilteachta ar Bhóithre Fhine Gall a fhoilsiú.  Meitheal Sábháilteacht Bhóithre Fhine Gall (MSBFG) de chuid Chomhairle Contae Fhine Gall a bhunú agus a chothabháil.
CP-T1.G1.S01-03 CP-T2.G2.S02-05 CP-T3.G3.S01-08	SDP25-ECAATS-18	Aistriú córa iompair a chur chun cinn chun soghluaisteacht a chruthú agus chun iompraíocht a athrú	Tionscadail Taisteal Gníomhach a chur chun cinn agus a thacú ar nós Seachtain na Rothar agus gach imeacht a chuireann taisteal gníomhach chun cinn sa Chontae freisin.  Tacú le siúl agus é a chur chun cinn mar mhodh taistil ghníomhach sa Chontae.  Tacaíocht a thabhairt do thionscadail cosúil le comharscéim rothar, r-rothar, r-rothair lastais do ghnólachtaí, r-rothair don fhoireann.  Micrea-shoghluaisteacht – Comharscéim rothar agus r-rothar a bhunú agus a chothabháil.
CP-T1.G1.S01-03 CP-T2.G2.S02-05 CP-T3.G3.S01-03 CP-T3.G3.S01-05 CP-T3.G3.S01-08 CP-T5.G5.S01-05 CP-T6.G6.S01-09	SDP25-ECAATS-19	Páirceáil Rothar a Sholáthar	Méadú ar an áit pháirceála atá ar fáil do rothaithe ar fud an Chontae.



Uimhir Thagartha an Phlean Chorparáidigh	Uimhir an Phlean Bliantúil Soláthair Seirbhíse	Cuspóir Seirbhíse	Tomhas Feidhmíochta
CP-T3.G3.S03 CP-T6.G6.S01 CP-T6.G6.S03 CP-T6.G6.S04 CP-T6.G6.S05 CP-T6.G6.S07 CP-T6.G6.S08 CP-T6.G6.S09	SDP25-ECAATS-20	Cláir a fhorbairt chun tacú le folláine fhisiciúil	Líon na gclár sonracha le béim ar spriocghrúpaí (scoil, óige, mná sa spórt, daoine fásta níos sine, agus spóirt faoi mhíchumas)
CP-T3.G3.S03 CP-T6.G6.S01 CP-T6.G6.S05 CP-T6.G6.S08 CP-T6.G6.S09	SDP25-ECAATS-21	Oiliúint chosanta a sholáthar d'oibrithe deonacha agus riachtanais oiliúna breise a aithint do chóitseálaithe, clubanna agus oibrithe deonacha agus cuir cúrsaí ar fáil	Líon na ndaoine a chríochnaíonn oiliúint chosanta agus aon chúrsaí breise.
CP-T3.G3.S03 CP-T6.G6.S01 CP-T6.G6.S03 CP-T6.G6.S04 CP-T6.G6.S08 CP-T6.G6.S09	SDP25-ECAATS-22	Club spóirt áitiúil agus deontais chaipitil a riar	Dáil breis agus €100K i ndeontais le haghaidh trealamh spóirt áitiúil.
CP-T3.G3.S03 CP-T6.G6.S01 CP-T6.G6.S07-O9	SDP25-ECAATS-23	Comhoibriú le CNR le cláir a fhorbairt agus le daoine ó gach pobal a mhealladh	Líon na ndaoine gafa trí na cláir CNR ar fad.
CP-T1.G1.S06 CP-T3.G3.S03 CP-T3.G3.S05 CP-T6.G6.S03 CP-T6.G6.S04 CP-T6.G6.S07-O9	SDP25-ECAATS-24	Traschomhoibriú inmheánach maidir le soláthar/rochtain ar áiseanna spóirt lena n-áirítear moil áineasa, linn snámha, caitheamh aimsire lasmuigh	Foilsíú Iniúchadh Saoráidí Spóirt Fhine Gall.
CP-T3.G3.S03 CP-T6.G6.S01 CP-T6.G6.S03-O5 CP-T6.G6.S07-O9	SDP25-ECAATS-25	Imeachtaí oll-rannpháirtíochta ar scála mór a sholáthar a chuireann spórt agus gníomhaíocht fhisiciúil chun cinn agus a bheidh ar siúl i bpáirceanna, trána nó áiseanna réigiúnacha CCFG	Líon na ndaoine a bhí i láthair ag imeachtaí.





# Tithíocht agus Forbairt Pobail

## Tithíocht

Tá an Roinn Tithíochta tiomanta do straitéis “Tithíocht do Chách” an Rialtais a chur i bhfeidhm. Tá an straitéis seo fréamhaithe i gceithre phríomhbhealach a bhfuil sé mar aidhm acu tithíocht inbhuanaithe a sholáthar sna suíomhanna is fearr agus aghaidh a thabhairt ar riachtanais tithíochta éagsúla. Tá ról ríthábhachtach ag ár rannóg i gcomhoibriú leis an earnáil tógála, pobail áitiúla, agus páirtithe leasmhara eile ar fud na hearnála tithíochta agus pobail chun na spriocanna seo a bhaint amach go héifeachtach.

Ar aon dul le Plean Corparáideach 2025–2029 Chomhairle Contae Fhine Gall, tá an Roinn Tithíochta tiomanta do thacú le pobail chuimsitheacha agus seirbhísí ardchaighdeán atá dírithe ar dhaoine a sholáthar. I measc na bpríomhthosaíochtaí tá soláthar seasta de thithíocht a chinntiú, aghaidh a thabhairt ar riachtanais uathúla daoine faoi mhíchumas, agus tosaíocht a thabhairt do sheirbhísí coiscthe agus freagartha ar easpa dídine. Tá ár gcur chuige á threorú ag prionsabail na hinrochtaineachta, na hionchuimsitheachta agus na hinbhuanaitheachta.

Treoraítear gníomhaíochtaí na Roinne tuilleadh ó dhoiciméid straitéiseacha riachtanacha ar nós Plean Forbartha Fhine Gall 2023–2029, a leagann amach beartais tithíochta agus criosú úsáide talún, agus an Plean Gníomhaíochta um Athrú Aeráide 2019–2024, a chuireann béim ar chleachtais tógála inbhuanaithe. Ina theannta sin, cuireann an Straitéis a Thacaíonn le Daoine Breacaosta 2018-2023 bunús le haghaidh réitigh tithíochta inrochtana agus inoiriúnaithe do dhaoine fásta scothaosta.

Chomh maith le stoc tithíochta na Comhairle a bhainistiú agus a chothabháil, le fócas ar aga slánúcháin a laghdú do réadmhaoin fholmha, táimid tiomanta dár n-oibleagáidí reachtúla a chomhlíonadh faoin reachtaíocht reatha agus faoi chreataí rialála. Áirítear le seirbhísí comhlántacha caighdeán cíosa phríobháideacha a rialáil agus iasachtaí tithíochta a riar agus deontais éagsúla um shoghluaisteacht, oiriúnú agus tithe folmha.

Ailíníonn cuspóirí na Roinne freisin le straitéisí ríthábhachtacha, lena n-áirítear an Clár Cóiríochta don Lucht Siúil 2025-2029, an Straitéis um Thithíocht do Dhaoine faoi Mhíchumas 2021-2026, agus Plean Gníomhaíochta Comhionannais Fhine Gall. Cuimsíonn na gníomhartha seo ár dtiomantas do thorthaí intomhaiste a sheachadadh a thacaíonn le fíis Fhine Gall maidir le háiteanna bríomhara, inbhuanaithe agus pobail nasctha.

Cé go bhfuil an infheistíocht chaipitil i soláthar na tithíochta sóisialta cuimsithe i gClár Caipitil na Comhairle, tá ról ag an mbuiséad ioncaim freisin i seachadadh agus i dtacaíocht na tithíochta sóisialta faoi na ceithre chonair Tithíocht do Chách.



## Príomhsheirbhísí agus Acmhainní Airgeadais:

Leagtar amach sa tábla thíos an soláthar buiséadach a ghlac Comhaltaí Chomhairle Contae Fhine Gall i mBuiséad 2025 chun na seirbhísí seo a mhaoiniú:

Príomhsheirbhís / Seirbhís ar Chostas Íseal	Cur síos ar an tseirbhís	Iomlán (€)
A01	Cothabháil agus Feabhsú Aonaid Tithíochta an ÚA	15,535,800
A02	Measúnú, Leithdháileadh agus Aistriú Tithíochta	2,759,800
A03	Riarachán Cíos Tithíochta agus Ceannaigh ag Tionóntaí	2,618,000
A04	Tacaíocht Forbartha Pobail Tithíochta	2,106,500
A05	Seirbhís do Dhaoine gan Dídean a Riaradh	5,290,800
A06	Tacaíocht don Chlár Caipitil Tithíochta	11,873,900
A07	SCC agus Clár Léasaithe	79,528,900
A08	Iasachtaí Tithíochta	5,906,400
A09	Deontais Tithíochta	6,832,300
A11	Seirbhísí Gníomhaireachta agus In-aisghabhála	2,401,300
A12	Clár ÍCT	908,500
<b>Iomlán</b>		<b>€135,762,200</b>

## Príomhchuspóirí Seirbhíse:

Leagtar amach sa tábla thíos na príomhsheirbhísí a sholáthrófar le linn 2025:

Uimhir Thagartha an Phlean Chorpáidigh	Uimhir an Phlean Bliantúil Soláthair Seirbhíse	Cuspóir Seirbhíse	Tomhas Feidhmíochta
CP- T1.G1.O5	SDP25-H-01	Soláthar tithíochta poiblí agus príobháideacha a éascú chun tithe tionachta measctha inbhuanaithe, inoiriúnaithe agus ardchaighdeán a sholáthar	Líon iomlán teaghaisí curtha ar fáil agus sonraí le haghaidh gach cineál seachadta.  Rochtain ar chóiríocht phríobháideach ar ardchaighdeán ar cíos a éascú trí chlár iniúchta bliantúil.  Tá sprioc iniúchta bliantúil de 25% de na tionóntachtaí cláraithe seo socraithe ag RTRÁO.

Uimhir Thagartha an Phlean Chorparáidigh	Uimhir an Phlean Bliantúil Soláthair Seirbhíse	Cuspóir Seirbhíse	Tomhas Feidhmíochta
CP-T6.G6.O1	SDP25-H-02	Fís Fhine Gall a sheachadadh trí sholáthar seirbhíse den scoth, trí rannpháirtíocht chomhoibríoch agus trí chultúr ionad oibre atá tacúil agus cuimsitheach	<p>Líon na dteaghlach a fhágann cóiríocht éigeandála do thionóntacht ar bhonn ráithiúil.</p> <p>Líon na dteaghlach a atreoraítear ó chóiríocht éigeandála.</p> <p>Líon na measúnuithe ar easpa dídine a críochnaíodh.</p> <p>Líon na ndaoine fásta a mheastar a bheith gan dídean go fadtéarmach.</p> <p>Líon na dteaghlach a fhaigheann rochtain ar chóiríocht éigeandála i ngach tréimhse.</p> <p>Líon na dtionóntachtaí Tithíocht ar dTús.</p>
CP-T6.G6.O2	SDP25-H-03	Leas na heagraíochta a chothú trí chur ar chumas na foirne a lánacmhainneacht a bhaint amach trí oiliúint agus forbairt ábhartha	Líon na mball foirne a bhaineann leas as cúrsaí oiliúna a bhaineann lena gcuid oibre.
CP-T3.G3.O2	SDP25-H-04	Feabhas a chur ar rannpháirtíocht, comhtháthú agus cumarsáid, ag cinntiú go bhfuil rochtain chothrom ag gach cónaitheoir ar thithíocht, ar sheirbhísí agus ar dheiseanna	<p>Spríocanna náisiúnta a bhaint amach maidir le tithíocht oiriúnach a sholáthar do chách all.</p> <p>Na cuspóirí mar atá leagtha amach i Straitéis Tithíochta CCFG do Dhaoine faoi Mhíchumas 2021 - 2026 a bhaint amach.</p>
CP-T6.G6.O6	SDP25-H-05	Cultúr de chlaochlú digiteach a chur chun cinn laistigh de Chomhairle Contae Fhine Gall chun nuálaíocht a chothú agus chun tacú le feabhsuithe leanúnacha i seachadadh seirbhíse	Córais nua teicneolaíochta inmheánacha forbartha agus glactha.
CP- T1.G1.O5	SDP25-H-06	Cuspóirí an Chláir um Chóiríocht don Lucht Siúil 2025-2029 a chur i bhfeidhm	Líon na gcuspóirí a bhaintear amach mar atá leagtha amach sa Chlár Cóiríochta don Lucht Siúil 2025 - 2029



Uimhir Thagartha an Phlean Chorparáidigh	Uimhir an Phlean Bliantúil Soláthair Seirbhíse	Cuspóir Seirbhíse	Tomhas Feidhmíochta
CP- T1.G1.O5	SDP25-H-07	Réitigh tithíochta dóthanacha agus oiriúnacha a sholáthar do dhaoine faoi mhíchumas tríd an Scéim Deontais Oiriúnaithe do Dhaoine faoi Mhíchumas do Thionóntaí na Comhairle a chur i bhfeidhm	Líon na ndeontas a próiseáladh, a faomhadh agus a diúltaíodh.
CP-T1-G1-O5	SDP25-H-08	Soláthar tithíochta poiblí agus príobháideacha a éascú chun tithe tionachta measctha inbhuanaithe, inoiriúnaithe agus ardchaighdeáin a sholáthar.	Líon na dtithe nua sóisialta, inacmhainne, díolta agus ar cíós de réir costais atá seachadta i bhFine Gall.
CP-T1-G1-O5	SDP25-H-09	Soláthar tithíochta poiblí agus príobháideacha a éascú chun tithe tionachta measctha inbhuanaithe, inoiriúnaithe agus ardchaighdeáin a sholáthar.	Líon na n-iarratas ar dheontas tithíochta a próiseáladh agus a ceadaiódh.
CP-T1-G1-O6	SDP25-H-10	Tosaíocht a thabhairt do chleachtas tógála atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de, ag tacú lenár spriocanna aeráide agus bithéagsúlachta.	Líon na gcríochnuithe sa chlár Iarfheistithe Éifeachtúlachta Fuinnimh.
CP-T5-G5-O3	SDP25-H-11	Feabhas a chur ar éifeachtúlacht fuinnimh i bhforbairtí tithíochta trí chleachtas inbhuanaithe lena n-áirítear tógáil nua d'ardchaighdeán agus iarfheistiú stoic atá ann cheana féin	Líon na dtithe nua a chomhlíonann na caihdeáin tógála reatha.  Líon na gcríochnuithe sa chlár Iarfheistithe Éifeachtúlachta Fuinnimh.



# Forbairt Pobail

Tá an Rannán Forbartha Pobail comhdhéanta de go leor príomhrannóga a oibríonn chun tacaíocht agus cumhacht a thabhairt don raon leathan grúpaí deonacha pobail ar fud an chontae.

Déantar obair na Rannóige Forbartha Pobail a sheachadadh faoi sheacht gcolún:

- Oifig Forbartha Pobail
- Aonad Bainistíochta Saoráidí
- Oifig Imeasctha Fhine Gall
- Tacaíocht Mhaoinithe & Treoir Ghairmiúil
- Tacaíocht Straitéiseach
- Tacaíocht Idirghníomhaireachta
- Clár Fhine Gall a Thacaíonn le Daoine Scothaosta

Is féidir le hobair faoi choimirce na bpiléar seo a bheith éagsúil go mór, rud a léiríonn an fás tapa agus éagsúil ar dhaonra an chontae. Is minic a bhíonn comhpháirtíochtaí le raon leathan de pháirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha i gceist le hobair trasna na réimsí seo lena n-áirítear grúpaí deonacha & pobail, gníomhaireachtaí agus soláthraithe seirbhíse. Tá príomhfhócas ag an obair ar fud na rannóige seo ar thacú agus cumhacht a thabhairt do ghrúpaí deonacha áitiúla, ionas go mbeidh siad in ann raon deiseanna sóisialta agus forbartha a sholáthar do dhaoine áitiúla ar fud an Chontae thar thréimhse ama.

## Príomhsheirbhísí agus Acmhainní Airgeadais:

Leagtar amach sa tábla thíos an soláthar buiséadach a ghlac Comhaltaí Chomhairle Contae Fhine Gall i mBuiséad 2025 chun na seirbhísí seo a mhaoiniú:

Príomhsheirbhís / Seirbhís ar Chostas Íseal	Cur síos ar an tseirbhís	Iomlán (€)
D06	Feidhm Ghinearálta Pobail agus Fiontraíochta	112,000
D04	Forbairt Pobail agus Áineasa	5,427,100
<b>Iomlán</b>		<b>€5,539,100</b>



## Príomhchuspóirí Seirbhíse:

Leagtar amach sa tábla thíos na cuspóirí soláthair seirbhíse do na príomhsheirbhísí a sholáthrófar le linn 2025:

Uimhir Thagartha an Phlean Chorpáidigh	Uimhir an Phlean Bliantúil Soláthair Seirbhíse	Cuspóir Seirbhíse	Tomhas Feidhmíochta
CP-T3.G03.O2.O4.O8	SDP25-C-01	Bóithre Réigiúnacha agus Áitiúla, Soilsiú Poiblí, Bainistíocht Tráchta agus Páirceáil Carranna a bhainistiú agus a chothabháil	Líon na mball pobail a ghlacann páirt ghníomhach i gcláir nó in imeachtaí saindirithe ar ardchaighdeán.
CP-T3.G3.O1	SDP25-C-02	Cabhrú le Cláir Ionduchtúcháin do Thionóntaí a Sheachadadh	Líon Ionduchtúcháin Tionónta a seachadadh.
CP-T3.G3.O1	SDP25-C-03	Tacaigh le Cumann na nÁitritheoirí	Líon Cumann na nÁitritheoirí ar tugadh tacaíocht dóibh.
CP-T3.G3.O5 CP-T6.O6	SDP25-C-05	Tacaíocht forbartha agus bainistíochta a sholáthar do choistí saoráide deonacha Chomhairle Contae Fhine Gall	Líon na gcruinnithe a tionóladh.
CP-T1.O3 CP-T3.O1.O3.O4.O5 CP-T6.O1.O2.O3.O5	SDP25-C-06	Soláthar & Cothabháil Ionaid Pobail	Líon na n-áiseanna reatha arna chothabháil agus áiseanna nua críochnaithe.  Líon agus scála na n-uasghráduithe ar áiseanna atá ann cheana féin críochnaithe.  Líon an mhaoinithe feabhais a bronnadh ar shaoráidí nach bhfuil faoi úinéireacht na Comhairle
CP-T3.G3.O2.O4.O8	SDP25-C-07	Maoiniú do ghrúpaí pobail & deonacha	Scéim Deontais Athbhreithnithe.  Líon na nDeontas eisithe.
	SDP25-C-08	Ag tacú le LRPFG	Líon na ngrúpaí atá cláraithe le LRP.
	SDP25-C-09	Tacaíochtaí Imirceacha agus Dídeanaithe	Líon na gclinicí a réachtáladh.  Líon na ngearán a fuarthas maidir le bearnaí i seachadadh seirbhíse.



Uimhir Thagartha an Phlean Chorparáidigh	Uimhir an Phlean Bliantúil Soláthair Seirbhíse	Cuspóir Seirbhíse	Tomhas Feidhmíochta
			Athbhreithniú a dhéanamh ar Chomhtháthú Imirceach agus ar an straitéis um chomhtháthú sóisialta.
	SDP23-C-10	Conradh maoirseachta Comhairle na nÓg	Líon na scoileanna atá i dteagmháil le Comhairle na nÓg.
CP-T6.O1.O7	SDP25 -C-11	Clár Fhine Gall a Thacaíonn le Daoine Scothaosta	Líon na gCruinnithe Comhghuaillíochta  Líon na gCruinnithe CSD ar tacaíodh leo.





# Oibríochtaí

Tá an Roinn Oibríochtaí freagrach as bainistiú, cothabháil agus feabhsú leanúnach an ríocht phoiblí sa Chontae mar a leanas:

- Bóithre Réigiúnacha agus Áitiúla
- Páirceanna Réigiúnacha agus Áitiúla
- Teorainneacha Tráchtá agus Luasteorainneacha
- Clóis súgartha
- Áiseanna spóirt
- Spásanna oscailte poiblí
- Ionaid Athchúrsála Baile
- Uisce Dromchla
- Glanadh Sráideanna
- Cuanta
- Tránna
- Reiligí
- Bainistíocht Flít
- Soilsiú Poiblí
- Cuibhrinn
- Leithris Phoiblí
- Bailiúchán Bruscair

Déileálann an Roinn Oibríochtaí le teagmhais adhaimsire, déanann siad soláthar do chur i bhfeidhm bearta bainistíochta tráchtá agus déanann siad bainistíocht agus cothabháil ar chrainn. Tá siad freagrach freisin as fodhlíthe a dhéanamh agus a chur i bhfeidhm, as ceadúnais oscailte bóithre agus orduithe dúnta bóithre sealadacha a bhainistiú, as seirbhísí páirceála a oibriú agus as bainistiú imeachtaí, lena n-áirítear na ceolchoirmeacha ag Caisleán Mhullach Íde.

Soláthroidh an Roinn Oibríochtaí na seirbhísí seo ar bhonn laethúil trí Chlár Oibreacha 2025 a chur i bhfeidhm, trí éagsúlacht de chláir oibre atá pleanáilte agus freagartha, chomh maith le déileáil leis na dúshlán oibriúcháin ó lá go lá a chlúdaíonn an raon éagsúil seirbhísí agus feidhmeanna a dhéanann an Roinn seo.

## Príomhsheirbhísí agus Acmhainní Airgeadais:

Leagtar amach sa tábla thíos an soláthar buiséadach a ghlac Comhaltaí Chomhairle Contae Fhine Gall i mBuiséad 2025 chun na seirbhísí seo a mhaoiniú:

Príomhsheirbhís / Seirbhís ar Chostas Íseal	Cur síos ar an tseirbhís	Iomlán (€)
B03	Bóthar Réigiúnach – Cothabháil agus Feabhsú	12,972,100
B04	Bóthar Áitiúil – Cothabháil agus Feabhsú	13,568,400
B05	Soilsiú Poiblí	4,976,900
B06	Feabhsú Bainistíochta Tráchtá	4,985,300
B09	Páirceáil Carranna	995,900



Príomhsheirbhís / Seirbhís ar Chostas Íseal	Cur síos ar an tseirbhís	Iomlán (€)
B10	Tacaíocht do Chlár Caipitil na mBóithre	2,361,000
B11	Seirbhísí Forchúitithe	713,600
C02	Seirbhísí Uisce Stoirme	980,900
C04	Leithris Phoiblí	1,463,000
D06	Comhpháirtíocht Sábháilteachta Pobail Áitiúil	46,500
D10	Bainistíocht Réadmhaoine (Cuibhrinn)	74,300
E02	Oibríochtaí Áiseanna Aisghabhála & Athchúrsála	4,577,300
E06	Glanadh Sráideanna	9,243,500
E09	Cothabháil Reiligí	2,648,700
F03	Oibríochtaí Limistéir Fóillíochta Allamuigh	28,122,200
G02	Oibríochtaí agus Cothabháil Céanna & Cuanta	636,800
H06	Droichead meáite	20,200
<b>Iomlán</b>		<b>€88,386,600</b>

### Príomhchuspóirí Seirbhíse:

Leagtar amach sa tábla thíos na príomhsheirbhísí a sholáthrófar le linn 2025:

Uimhir Thagartha an Phlean Chorparáidigh	Uimhir an Phlean Bliantúil Soláthair Seirbhíse	Cuspóir Seirbhíse	Tomhas Feidhmíochta
CP-T1-G3 CP-T5- G3	SDP25-O-01	Bóithre Réigiúnacha agus Áitiúla, Soilsiú Poiblí, Bainistíocht Tráchta agus Páirceáil Carranna a bhainistiú agus a chothabháil	Rátáil feabhsaithe san Innéacs Staid Dromchla Cosáin.  Bearta Sábháilteachta ar Bhóithre agus Ceansú Tráchta.  Bainistiú agus cur i bhfeidhm Luasteorainneacha.  Bainistíocht agus cothabháil soilsiú sráide san ríocht phoiblí.  Cur i bhfeidhm na bhFodhlíthe um Pháirceáil Charr.  Seachadadh Clár Oibre faofa do Bhóithre, Trácht agus Soilsiú Poiblí.

Uimhir Thagartha an Phlean Chorparáidigh	Uimhir an Phlean Bliantúil Soláthair Seirbhíse	Cuspóir Seirbhíse	Tomhas Feidhmíochta
CP-T1-G3	SDP25-O-02	Leithris Phoiblí agus Líonra Uisce Stoirme a bhainistiú agus a chothabháil	<p>Leithris Phoiblí sa Chontae a chothabháil agus a ghlanadh le haghaidh úsáide poiblí.</p> <p>Glanadh breise le linn míonna an tsamhraidh.</p> <p>Deisiúchán, athsholáthar agus cothabháil choisctheach leanúnach ar gach leithreas poiblí.</p> <p>Bainistíocht agus cothabháil leanúnach ar Stáisiúin agus Líonraí Caidéalúcháin Uisce Stoirme.</p>
CP-T3-G5 CP-T3-G3	SDP25-O-03	Páirceanna Réigiúnacha, Spásanna Oscailte, Páirceanna, Clóis Súgartha, Páirceanna Uile-Aimsire agus Áiseanna Áineasa a bhainistiú agus a chothabháil	<p>Bainistíocht ar pháirceanna réigiúnacha agus spás oscailte de réir na Straitéise um Spáis Oscailte d’Fhine Gall.</p> <p>Seachadadh Clár Oibre faofa i ngach réimse.</p> <p>Bainistíocht ar chrainn sráide de réir Straitéis Crainn Fhine Gall.</p>
CP-T5-G5 CP-T1-G1	SDP25-O-04	Ionaid Conláiste Cathartha, Glanadh Sráideanna agus Reiligí a bhainistiú	<p>Méadú ar úsáid na nIonad Athchúrsála san Inbhear agus i gCúil Mhín.</p> <p>Síneadh uaireanta ag Cúil Mhín.</p> <p>Limistéir an ríocht phoiblí glan agus saor ó bhruscar.</p> <p>Araidí breise a sholáthar.</p> <p>Seachadadh seirbhísí reiligí agus oibreacha forbartha leanúnacha ag reiligí atá ann cheana féin.</p>



Uimhir Thagartha an Phlean Chorparáidigh	Uimhir an Phlean Bliantúil Soláthair Seirbhíse	Cuspóir Seirbhíse	Tomhas Feidhmíochta
CP-T1-G3	SDP25-O-05	Cuanta a Bhainistiú agus a Chothabháil	Úsáid shábháilte na gcuanta a chinntiú agus cothabháil struchtúir an chuain.  Fodhlíthe Cuain a chur i bhfeidhm agus Táillí Cuain a bhailiú.
CP-T2-G1 CP-T3-G4	SDP25-O-06	Tacú le seachadadh imeachtaí móra tráchtála agus pobail de réir mar is cuí	Na tacaíochtaí riachtanacha a sholáthar trí cheadúnú agus trí phróiseas reachtúil eile d'imeachtaí móra tráchtála agus pobail i bhFine Gall.





# Pleanáil agus Bonneagar Straitéiseach

Déanann an Roinn Pleanála & Bonneagair Straitéisigh pleanáil agus tacaíocht d'fhorbairt inbhuanaithe an Chontae trí Phlean Forbartha Fhine Gall agus an próiseas bainistíochta forbartha. Déanann an Roinn bonneagar straitéiseach a phleanáil agus a sheachadadh freisin.

Bainistíonn an Roinn an t-iarratas pleanála, forfheidhmithe pleanála agus rialaithe foirgníochta na Comhairle. Forbraíonn sé páirceanna agus bonneagar glas an Chontae agus cuireann sé feidhmeanna pleanála iompair agus seirbhísí uisce chun cinn chun bonneagar straitéiseach a sheachadadh. Téann sé i dteagmháil le comhlachtaí réigiúnacha agus náisiúnta ar bhonn leanúnach chun an seachadadh seo a chur chun cinn. Tá sé freagrach as pleananna a ullmhú chun forbairt meántéarmach agus fhadtéarmach an Chontae a chumasú.

Ina measc seo tá Plean Forbartha Fhine Gall, Pleananna Ceantair Áitiúil, Máistirphleananna, bóithre straitéiseacha agus tograí réigiúnacha spáis oscailte. Déanann sé iniúchtaí foirgnimh maidir le forbairt nua agus láithreáin thréigthe. Leanann sé ag cinntiú go dtógtar na hEastáit Tithíochta de réir an chaighdeáin Tógtha i gCúram. Tá cuspóirí aige a bhaineann le measúnú ar rioscaí tuilte straitéiseacha agus le cosaint oidhreacht thógtha an Chontae. Déanann sé sonraí a léarscáiliú agus a thiomsú freisin maidir le forbairt sa Chontae chun eolas a chur ar fáil do bheartas agus do chinnteoireacht ag leibhéal áitiúil agus náisiúnta.

## Príomhsheirbhísí agus Acmhainní Airgeadais:

Leagtar amach sa tábla thíos an soláthar buiséadach a ghlac Comhaltaí Chomhairle Contae Fhine Gall i mBuiséad 2025 chun na seirbhísí seo a mhaoiniú:

Príomhsheirbhís / Seirbhís ar Chostas Íseal	Cur síos ar an tseirbhís	Iomlán (€)
B03	Cothabháil/Feabhsuithe ar Bhóithre Réigiúnacha	17,700
B10	Tacaíocht do Chaipiteal Bóithre	1,360,600
C08	Seirbhísí Uisce & Sláintíochta an Údaráis Áitiúil	265,900
D01	Pleanáil Chun Cinn	1,730,600
D02	Bainistíocht Forbartha	5,621,000
D03	Forfheidhmiú	1,037,800
D08	Rialú Foirgníochta	1,358,600
D11	Seirbhísí Oidhreachta agus Caomhnaithe	765,100





Príomhsheirbhís / Seirbhís ar Chostas Íseal	Cur síos ar an tseirbhís	Iomlán (€)
E10	Sábháilteacht Struchtúr agus Áiteanna	103,100
E12	Cosc Dóiteáin	160,000
F03	Oibríochtaí Limistéir Fóillíochta Allamuigh	2,151,300
F04	Spórt agus Caitheamh Aimsire Pobail	407,000
<b>Iomlán</b>		<b>€14,978,700</b>

### Príomhchuspóirí Seirbhíse:

Leagtar amach sa tábla thíos na príomhsheirbhísí a sholáthrófar le linn 2025:

Uimhir Thagartha an Phlean Chorparáidigh	Uimhir an Phlean Bliantúil Soláthair Seirbhíse	Cuspóir Seirbhíse	Tomhas Feidhmíochta
CP-T1.G1.O1-O2,O6 CP-T3.G3.O5-O7 CP-T5.G5.O2	SDP25-PSI-1	Bonneagar straitéiseach (fisiúil & glas) a sheachadadh sa Chontae	Clár Caipitil um Pleanáil agus Bonneagar Straitéiseach a chur i bhfeidhm.  Dul chun cinn leanúnach ar Thionscadail Bhonneagair Pháirceanna.  Áiseanna Páirce Áineasa lena n-áirítear moil spóirt, limistéir súgartha poiblí, glasbhealaí agus bonneagar bóithre srl.  Athchóiriú agus bainistiú Gairdíní Oidhreachta agus Tírdhreacha.
CP-T1.G1.O5 CP-T3.G3.O7	SDP25-PSI-2	Rialacháin Foirgníochta agus Rialacháin Táirgí Foirgníochta agus Rialacháin um Fheidhmíocht Fuinnimh Foirgneamh a Chur Chun Cinn & a Fhorfheidhmiú.	Tacaíocht agus comhairle a thabhairt don tionscal tógála trí chultúr comhlíonta a chur chun cinn chun Caighdeáin Foirgníochta sa Chontae a fheabhsú.  Bainistigh CBRT, Cigireachtaí spriodhírthe, Forfheidhmiú.
CP-T1.G1.O1	SDP25-PSI-3	A chinntiú go ndéantar beart cuí maidir le forbairt neamhúdaráithe	Gníomhaíocht leanúnach maidir le forfheidhmiú pleanála, m.sh. líon na litreacha rabhaidh agus fógraí forfheidhmiúcháin eisithe, cásanna a tarchuireadh chuig an gCúirt.



<b>Uimhir Thagartha an Phlean Chorparáidigh</b>	<b>Uimhir an Phlean Bliantúil Soláthair Seirbhíse</b>	<b>Cuspóir Seirbhíse</b>	<b>Tomhas Feidhmíochta</b>
CP-T1.G1.01-06,08 CP-T1.G1.02 CP-T2.G2.01-06 CP-T3.G3.01-02,05,07	SDP25-PSI-4	A chinntiú go mbíonn cinní pleanála trédhearcach agus go gcinntear iad de réir na pleanála cuí agus na forbartha inbhuanaithe	Déantar gach cinneadh pleanála a chinneadh de réir riachtanais reachtúla.
CP-T1.G1.01 CP-T1.G1.05 CP-T3.G3.07	SDP25-PSI-5	An Próiseas Reachtúil um Thógáil i gCúram a bhainistiú	An próiseas um Thógáil i gCúram a bhainistiú lena chinntiú go gcomhlíontar íoschaighdeáin do na réimsí a nglacfar i gceannas orthu.
CP-T1.G1.01-06,08 CP-T2.G2.01-06 CP-T3.G3.05-07 CP-T5.G5.02	SDP25-PSI-6	Ullmhú/athbhreithniú ar Phlean Forbartha an Chontae - ag leagan amach an straitéis agus cuspóirí d'fhorbairt inbhuanaithe an Chontae	Dul chun cinn ar bheartais agus ar chuspóirí Phlean Forbartha Contae Fhine Gall 2023 – 2029 ar glacadh leis le déanaí.  Seachadadh Pleananna Ceantair Áitiúil, Máistirphleananna agus Staidéir chun tithíocht agus forbairt eacnamaíoch a sheachadadh.  Cur le forbairt eacnamaíoch agus shóisialta an Chontae.
CP-T1.G1.01-06,08 CP-T2.G2.01-06 CP-T3.G3.05-07 CP-T5.G5.01-02	SDP25-PSI-7	Córas iompair inbhuanaithe a sheachadadh do gach saoránach	Rannchuidiú le forbairt polasaithe iompair inbhuanaithe.  Dul chun cinn leanúnach ar thionscadail Chuid 8 agus ar chlár caipitil CCFG.  Teagmháil le páirtithe leasmhara eile.  Seachadadh MetroLink, BusConnects agus Leathnú DART a éascú.  Forbairt inbhuanaithe ag Aerfort Bhaile Átha Cliath.
CP-T5.G5.02,04-05	SDP25-PSI-8	Bithéagsúlacht a chur chun cinn agus a chosaint	Gníomhaíochtaí maidir le na nithe seo a leanas a chur i bhfeidhm: Plean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta Fhine Gall,

Uimhir Thagartha an Phlean Chorpáraidigh	Uimhir an Phlean Bliantúil Soláthair Seirbhíse	Cuspóir Seirbhíse	Tomhas Feidhmíochta
			<p>Plean Uile-Éireann um Phailniú, "É a Choinneáil Glas – Straitéis Spáis Oscailte d'Fhine Gall", "Foraois Fhine Gall – straitéis crann d'Fhine Gall."</p> <p>Clár Oibre Bithsféar Chuan Bhaile Átha Cliath a chur i bhfeidhm.</p> <p>Maoirseacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm Phlean Oibriúcháin OLTS Bhinn Éadair.</p> <p>Bunú coiste OLTS Ghleann na Life.</p>
<p>CP-T1.G1.01-06</p> <p>CP-T1.G1.02</p> <p>CP-T2.G2.01-06</p> <p>CP-T3.G3.01-02,05,07</p>	<p>SDP25-PSI-9</p>	<p>Tacaíocht a thabhairt do Thithíocht do Chách – Plean Tithíochta Nua d'Éirinn</p>	<p>Bonneagar ríthábhachtach a sheachadadh chun tacú le seachadadh tithíochta.</p>
<p>CP-T5.G5.02</p>	<p>SDP25-PSI-10</p>	<p>Beartas Bainistíochta Cósta a fhorbairt</p>	<p>Oibriú leis an nGrúpa Idirchaidrimh Cósta chun aghaidh a thabhairt ar athrú cósta i bhFhine Gall lena n-áirítear creimeadh cósta agus tuilte cósta.</p>
<p>CP-T3.G3.07</p>	<p>SDP25-PSI-11</p>	<p>Oidhreacht thógtha agus chultúrtha an Chontae a chur chun cinn agus a chosaint</p>	<p>Gníomhartha Phlean Oidhreachta Fhine Gall 2024-2030 a sheachadadh agus a chur i bhfeidhm.</p> <p>Gníomhartha Straitéis Seandálaíochta Pobail Fhine Gall 2019-2023 a sheachadadh agus a chur i bhfeidhm.</p> <p>Oibriú tras-rannach chun cosaint chomhtháite agus cur chun cinn na hoidhreachta a fhorbairt.</p> <p>Leanúint ar aghaidh ag tacú le hOidhreacht mar thaitneamhacht d'Fhine Gall.</p>



# SEIRBHÍŚÍ TACAÍOCHTA

# Ailtirí

Tá Roinn na hAiltirí freagrach as Seirbhísí Ailtireachta a sholáthar do Chomhairle Contae Fhine Gall. Cuimsíonn sé seo dearadh ailtireachta, caomhnú, dearadh uirbeach, soláthar tógála agus comhairleoirí, bainistíocht tionscadail, suirbhéireacht chainníochta agus seirbhísí bainistíochta costais. Soláthraíonn Roinn na hAiltirí Seirbhísí Ailtireachta chuig cliant-ranna eile sa Chomhairle. Tá an Roinn eagraithe i gcúig rannán - Tógáil Tithíochta, Cothabháil Tithíochta, Foirgnimh Phoiblí, An Oifig Caomhantais agus Rannóg na Suirbhéirí Cainníochta. Ina theannta sin, cuireann an Roinn caighdeáin ailtireachta chun cinn agus tugann sí comhairle ar shaincheistean a bhaineann leis an timpeallacht thógtha.

Tá an Oifig um Chaomhnú Ailtireachta suite laistigh den Roinn agus tá sí freagrach as cosaint na hoidhreachta ailtireachta laistigh den Chontae lena n-áirítear riarachán scéimeanna deontais a thacaíonn leis an oidhreacht thógtha.

## Príomhchuspóirí Seirbhíse:

Leagtar amach sa tábla thíos na cuspóirí soláthair seirbhíse do na príomhsheirbhísí a sholáthrófar le linn 2025:

Uimhir Thagartha an Phlean Chorparáidigh	Uimhir an Phlean Bliantúil Soláthair Seirbhíse	Cuspóir Seirbhíse	Tomhas Feidhmíochta
CP - T1.G1.04 CP - T1.G1.05 CP - T1.G1.06 CP - T3.G3.05 CP - T3.G3.07 CP - T5.G5.01	SDP25 - A - 01	Seirbhís Ailtireachta ghairmiúil ardchaighdeáin a sholáthar chun freastal ar riachtanais na gcliant-ranna agus Thionscnamh na Comhairle	Cláir oibre bhliantúla aontaithe le cliant-ranna.
CP - T3.G3.07	SDP25 - A - 02	Cabhrú le saincheistean cosanta oidhreachta tógtha lena n-áirítear an Oifig um Chaomhnú Ailtireachta a bhainistiú agus tacaíocht deontais agus Tionscnaimh na Comhairle a mheasúnú agus a riar	Oidhreacht thógtha an Chontae cosanta.  Líon na scéimeanna deontas a riar.  Líon na ndeontas eisithe.  Líon na dtograí forbartha.
CP - T1.G1.05 CP - T3.G3.0 CP - T6.G6.04	SDP25 - A - 03	Dul i dteagmháil le ranna rialtais ábhartha maidir le faomhadh buiséid, riaradh scéimeanna deontais agus beartas ar an timpeallacht thógtha mar a bhaineann leis an gComhairle	Leasanna Fhine Gall a chosaint trí oibriú éifeachtach de scéimeanna deontas agus trí ionchur agus léirmhíniú ar chúrsaí beartais.  Líon na scéimeanna deontas.  Líon na ndeontas eisithe.



Uimhir Thagartha an Phlean Chorparáidigh	Uimhir an Phlean Bliantúil Soláthair Seirbhíse	Cuspóir Seirbhíse	Tomhas Feidhmíochta
<p>CP – T3.G3.O7</p> <p>CP – T5.G6.O1</p>	<p>SDP25 – A - 04</p>	<p>Cinntiú go gcomhlíonann tionscadail tógála arna gcoimisiúnú ag an gComhairle ceanglais reachtúla maidir le Pleanáil, Sláinte agus Sábháilteacht, Rialú Foirgníochta agus Cosaint Comhshaoil agus Oidhreachta</p>	<p>Nósanna imeachta cleachtais nuashonraithe de réir na reachtaíochta atá ag athrú agus taifeadadh cruinn tionscadail.</p>
<p>CP – T5.G5.O3</p>	<p>SDP25 – A - 05</p>	<p>Seirbhísí cothabhála timhriallacha agus pleanáilte éifeachtúla a bhainistiú agus a chur i bhfeidhm do stoc tithíochta reatha Fhine Gall agus chun deisiúcháin athlígean stoic reatha agus stoic nuafhaighte a bhainistiú go héifeachtúil lena n-áirítear cur i bhfeidhm Phlean Gníomhaíochta na Comhairle um Athrú Aeráide</p>	<p>Péinteáil, cothabháil siúinéireacht agus cláir chothabhála phleanáilte eile curtha i gcrích.</p> <p>Seirbhísí cothabhála freagartha curtha i gcrích.</p> <p>Suiteáil mheicniúla agus leictreacha agus cothabháil déanta.</p> <p>Déantar tithe folmha a iniúchadh, a thairiscint agus a dheisiú go pras.</p> <p>Tionscnaimh um Athrú Aeráide agus Iarfheistithe curtha i bhfeidhm.</p>
<p>CP – T6.G6.O3</p>	<p>SDP25 – A - 06</p>	<p>Bainistíocht tráchtála agus comhairle eacnamaíoch agus tógála a sholáthar lena n-áirítear formhaoirseacht chun buiséadú a sholáthar ar thionscadail tógála lena n-áirítear próiseáil éileamh agus íocaíochtaí go héifeachtach agus go cothrom</p>	<p>Buiséadú cruinn gairmiúil ar thionscadail.</p> <p>Taifeadadh cruinn ar phraghsanna tairisceana agus ar éilimh.</p> <p>Taifeadadh cruinn agus próiseáil íocaíochtaí laistigh de línte ama socraithe.</p> <p>Éilimh agus íocaíochtaí próiseáilte laistigh de línte ama sainithe.</p> <p>Comhairlí eacnamaíocha agus buiséadú curtha ar fáil laistigh de na hamlínte comhaontaithe le linn shaolré an tionscadail</p>

# Seirbhísí Corparáideacha

Cuireann Seirbhísí Corparáideacha seirbhísí ar fáil do Chomhaltaí chun ligean dóibh a gcuid dualgas a chomhlíonadh mar ionadaithe tofa do shaoránaigh Fhine Gall. I measc na seirbhísí tá ullmhú agus scaipeadh gach clár oibre, miontuairiscí na Comhairle, íoc speansais na gComhaltaí agus ullmhú Chlár na dTogthóirí.

Leanfar le feabhas a chur ar sheirbhísí don phobal trí Aonad Cúraim Custaiméirí na Comhairle le linn 2025 agus forbróidh an Rannóg Chumarsáide a ról sa chumarsáid inmheánach agus sheachtrach tuilleadh. Leanfar le comhordú ghníomhaíochtaí an Aonaid Bainistíochta Éigeandála ar feadh 2025 freisin.

Leanfaidh Bainistíocht Saoráidí ar aghaidh ag cothabháil agus ag feabhsú oifigí agus leabharlanna na Comhairle.

Soláthraíonn an tAonad Rialachais laistigh de Sheirbhísí Corparáideacha tacaíocht don Fhoireann Bainistíochta Feidhmiúcháin agus do Ranna eile na Comhairle. Cuimsíonn an tAonad Saoráil Faisnéise, Cosaint Sonraí agus Iniúchadh Inmheánach agus tacaíonn sé le hobair na Foirne Bainistíochta Feidhmiúcháin chun cuspóirí Rialachais Chorporáidigh a bhaint amach.

## Príomhchuspóirí Seirbhíse:

Leagtar amach sa tábla thíos na príomhsheirbhísí a sholáthrófar le linn 2025:

Uimhir Thagartha an Phlean Chorporáidigh	Uimhir an Phlean Bliantúil Soláthair Seirbhíse	Cuspóir Seirbhíse	Tomhas Feidhmíochta
CP-T6.G6.O3	SDP25-CS-01	Seachadadh éifeachtach agus trédhearcacht na bpróiseas daonlathach a chinntiú laistigh den Chomhairle	Líon na gcruinnithe de chuid na Comhairle agus na gCoistí ar seirbhísíodh, agus na ceanglais reachtúla ar cloíodh leo.
CP-T6.G6.O1 CP-T6.G6.O5 CP-T6.G6.O09	SDP25-CS-02	A chinntiú go gcuirtear seirbhís mhaith do chustaiméirí ar fáil ar fud na heagraíochta tríd an Aonad Cúraim Custaiméirí (ACC)	Líon na n-idirghníomhaíochtaí an ACC ar an nguthán, ríomhphost agus go pearsanta & gach teagmháil le custaiméirí ar déileáladh leo go tráthúil.
CP-T6.G6.O1 CP-T6.G6.O5	SDP25-CS-03	Seas le Cairt na Saoránach agus seirbhís mhaith do chustaiméirí	Líon na ngearán a próiseáladh laistigh de na frámaí ama riachtanacha.
CP.T3.G3.O7 CP-T6.G6.O8	SDP25-CS-04	Úsáid agus infheictheacht na Gaeilge a chur chun cinn agus Reachtaíocht Ghaeilge a chur i bhfeidhm	Gach Reachtaíocht Ghaeilge a chur i bhfeidhm.  Fáil níos fearr ar sheirbhísí trí Ghaeilge.



<b>Uimhir Thagartha an Phlean Chorporáidigh</b>	<b>Uimhir an Phlean Bliantúil Soláthair Seirbhíse</b>	<b>Cuspóir Seirbhíse</b>	<b>Tomhas Feidhmíochta</b>
			Infheictheacht na Teanga trí fhógraíocht, chur chun cinn agus imeachtaí. Rannpháirtíocht sa Chlár Gaeilge 365 le hÚdarás Áitiúla eile Bhaile Átha Cliath.
CP-T6.G6.O1	SDP25-CS-05	A chinntiú go ndéantar gach Foirgneamh Corparáideach a fheabhsú, a chothabháil agus a chosaint ar an gcaighdeán is airde is féidir	Déantar na riachtanais uasghrádaithe agus chothabhála ar fad laistigh de na hamlínte comhaontaithe, an bhuiséid agus de réir riachtanais Sláinte agus Sábháilteachta.
CP-T6.G6.O3 CP-T6.G6.O9	SDP25-CS-06	An cleachtas is fearr i rialachas corparáideach a chur chun cinn	Tacaíocht iomlán don Fhoireann Bainistíochta Feidhmiúcháin.
CP-T6.G6.O3 CP-T6.G6.O6	SDP25-CS-07	A chinntiú go bhfuil sonraí agus faisnéis atá i seilbh na Comhairle cosanta agus inrochtana	Cloítear leis an reachtaíocht ábhartha um chosaint sonraí agus cuirtear i bhfeidhm í agus déantar iarratais a phróiseáil laistigh de na tréimhsí ama riachtanacha.
CP-T6.G6.O3	SDP25-CS-08	Dea-rialachas a chur chun cinn trí fheidhmeanna iniúchta inmheánaigh éifeachtacha agus dearbhú a sholáthar don Chomhairle, don Bhainistíocht agus don Choiste Iniúcháireachta trí Phlean Bliantúil Iniúchta Inmheánaigh (II) a sheachadadh	Líon na dtuarascálacha II críochnaithe.  Líon cruinnithe an Choiste Iniúcháireachta a tionóladh.  Líon na gcruinnithe rialachais le ranna.
CP-T6.G6.O3	SDP25-CS-09	Bainistíocht Móréigeandála a sholáthar	Líon cruinnithe le grúpaí oibre/foghrúpaí réigiúnacha. Líon na n-imeachtaí oiliúna eagraithe.
CP-T6.G6O8	SDP25-CS-10	Cumarsáid éifeachtach inmheánach agus sheachtrach a chinntiú agus gníomhaíochtaí na Comhairle a chur chun cinn	Cur i bhfeidhm na Straitéise Cumarsáide.  Líon na gCuairteanna Leathanach ar Suíomh Gréasáin na Comhairle agus ar chuntais na meán sóisialta.



Uimhir Thagartha an Phlean Chorparáidigh	Uimhir an Phlean Bliantúil Soláthair Seirbhíse	Cuspóir Seirbhíse	Tomhas Feidhmíochta
CP-T6.G6.O9	SDP25-CS-11	A chinntiú gur fostóir comhdheiseanna í Comhairle Contae Fhine Gall de réir na gcleachtas is fearr agus na dtreoirí rialála reatha	Ár n-oibleagáidí a chomhlíonadh faoi Dhualgas um Chomhionannas agus Cearta Daonna na hEarnála Poiblí chun deireadh a chur le hidirdhealú, comhionannas deiseanna a chur chun cinn agus cearta daonna na foirne, na gcustaiméirí, na n-úsáideoirí seirbhíse agus gach duine a ndéanann ár mbeartais agus ár bpleananna difear dóibh a chosaint.



# Seirbhísí Digiteacha

Tá sé mar aidhm ag rannóg na Seirbhísí Digiteacha tacú le seachadadh seirbhísí rialtais áitiúil nua-aimseartha, faoi stiúir an teicneolaíocht dhigiteach, sna réimsí seo a leanas:

**Seirbhísí digiteacha** –cuirfimid seirbhísí digiteacha rialtais áitiúil ar fáil atá éasca le rochtain a fháil orthu agus spreagfaimid daoine chun na seirbhísí sin a úsáid trí chomhsheasmhacht a fheabhsú agus díriú ar riachtanais daoine agus na seirbhísí sin á ndearadh againn.

**Pobail dhigiteacha** –cuirfimid rochtain dhigiteach, nascacht agus tacaíocht ar fáil ionas gur féidir le gach duine a gcaighdeán maireachtála inár bpobail a fheabhsú, agus ag an am céanna ag cinntiú go bhfuil gach duine san áireamh.

**Lucht saothair digiteach** –tabharfaimid an teicneolaíocht, na huirlisí digiteacha agus na scileanna dár bhfoireann a theastaíonn uathu chun idirghníomhú go hiomlán ar bhealach digiteach.

**Córais dhigiteacha** –feabhsóimid éifeachtúlacht agus éifeachtacht an tslí ina n-oibrímid trí leas a bhaint as teicneolaíochtaí nua.

Tá seacht bhfoireann i Roinn na Seirbhísí Digiteacha a bhfuil na freagrachtaí seo a leanas orthu:

**Feidhmchláir ghnó** –córais dhigiteacha na Roinne a chur i bhfeidhm agus a bhainistiú

**Ardáin ghnó**– córais dhigiteacha tras-rannacha a chur i bhfeidhm agus a bhainistiú

**Fine Gall Digiteach** – tacaíocht a thabhairt do phobail, do ghnólachtaí agus do bhail an phobail chun leas iomlán a bhaint as teicneolaíochtaí leathanbhanda agus digiteacha

**Claochlú digiteach san ionad oibre** –cuir uirlisí agus scileanna digiteacha ar fáil don fhoireann

**Rialachas, ailtireacht agus slándáil** – rialachas éifeachtach, slándáil faisnéise agus ailtireacht fiontair a chinntiú

**Bonneagar agus oibríochtaí** – bonneagar digiteach na comhairle a chur i bhfeidhm agus a bhainistiú

**Bainistíocht clár agus acmhainní** – bainistíocht ar chláir agus ar thionscadail dhigiteacha

## Príomhchuspóirí Seirbhíse:

Leagtar amach sa tábla thíos na cuspóirí soláthair seirbhíse do na príomhsheirbhísí a sholáthrófar le linn 2025:

Uimhir Thagartha an Phlean Chorporáidigh	Uimhir an Phlean Bliantúil Soláthair Seirbhíse	Cuspóir Seirbhíse	Tomhas Feidhmíochta
CP-T4-G4-O1	SDP25-DS-01	Córais dhigiteacha a chur i bhfeidhm agus a chothabháil don fhoireann, do chomhairleoirí agus don phobal	Córais dhigiteacha curtha ar fáil agus á gcothabháil ag na leibhéil riachtanacha infhaighteachta.  Líon na gcóras nua/ uasghrádaithe curtha ar fáil.
CP-T4-G4-O1	SDP25-DS-02	Méadú ar líon na seirbhísí comhairle atá ar fáil ar líne	Líon seirbhísí na comhairle atá ar fáil ar líne.
CP-T4-G4-O1	SDP25-DS-03	Clár slándála faisnéise a chur i bhfeidhm agus a chothabháil chun sócmhainní agus teicneolaíochtaí faisnéise a chosaint	Clár slándála faisnéise a chur i bhfeidhm agus a chothabháil chun sócmhainní agus teicneolaíochtaí faisnéise a chosaint.
CP-T4-G4-O1	SDP25-DS-04	An cleachtas is fearr i rialachas TF a chur i bhfeidhm	Dea-chleachtas bainte amach i soláthar TF agus rialachas TF.  Plean Gníomhaíochta Straitéise Digiteach agus TFC cruthaithe.  Straitéis Dhigiteach cruthaithe.
CP-T4-G4-O1	SDP25-DS-05	Implement and maintain required infrastructure for IT systems and services	Bonneagar TF curtha ar fáil agus á chothabháil ag na leibhéil riachtanacha infhaighteachta.
CP-T4-G4-O1	SDP25-DS-06	Seirbhís tacaíochta ardchaighdeán a sholáthar don fhoireann, do chomhairleoirí agus don phobal	Seirbhís tacaíochta curtha ar fáil go dtí an leibhéal riachtanach seirbhíse.
CP-T4-G4-O2	SDP25-DS-07	Éascú a dhéanamh ar bhonneagar digiteach lena n-áirítear nascacht ardluais trasna Fhine Gall	Bonneagar digiteach agus nascacht ardluais éascaithe.
CP-T4-G4-O2	SDP25-DS-08	An líonra teileachumarsáide agus duchtaithe a mhapáil	Líonra teileachumarsáide agus duchtaithe mapáilte.



<b>Uimhir Thagartha an Phlean Chorparáidigh</b>	<b>Uimhir an Phlean Bliantúil Soláthair Seirbhíse</b>	<b>Cuspóir Seirbhíse</b>	<b>Tomhas Feidhmíochta</b>
CP-T4-G4-O3	SDP25-DS-09	An oiliúint scileanna digiteacha a theastaíonn chun tacú le seachadadh seirbhísí ardchaighdeáin a sholáthar don fhoireann	Oiliúint agus feasacht ar scileanna digiteacha curtha ar fáil don fhoireann.
CP-T4-G4-O3	SDP25-DS-10	Pointí Nasctha Leathanbhanda a sholáthar	Pointí Nasctha Leathanbhanda curtha ar fáil.
CP-T4-G4-O3	SDP25-DS-11	Dul i dteagmháil le pobail chun scileanna digiteacha a fhorbairt	Cláir scileanna digiteacha agus feasachta curtha i bhfeidhm do phobail.
CP-T6-G6-O6	SDP25-DS-12	Cultúr láidir lucht saothair digiteach a chur chun cinn laistigh den Chomhairle	Uirlisí digiteacha agus IS curtha ar fáil don fhoireann.
CP-T6-G6-O6	SDP25-DS-13	Réitigh dhigiteacha nuálacha atá dírithe ar an úsáideoir a sheachadadh trí chur chuige iomlánaíoch a chuimsíonn nuálaíocht, dearadh seirbhíse, feabhsú próisis ghnó, bainistíocht athraithe, bainistíocht tionscadail agus réadú tairbhí; agus ardáin ghíarála ar nós BCC, CFG, agus tairseacha féinseirbhíse ar líne	Ceardlanna nuálaíochta déanta.  Ceardlanna Dearaidh Seirbhíse déanta.  Ceardlanna Bainistíochta Athraithe déanta.  Ceardlanna Feabhsaithe Próisis Gnó déanta.  Measúnuithe Sochair déanta.
CP-T6-G6-O6	SDP25-DS-14	Cláir agus Tionscadail TF a bhainistiú chun a chinntiú go seachadtar iad in am, laistigh den bhuiséad agus leis na hacmhainní cuí	Cláir agus Tionscadail TF curtha i bhfeidhm in am, laistigh den bhuiséad agus leis na hacmhainní cuí.
CP-T6-G6-O7	SDP25-DS-15	Anailísíocht sonraí, CFG agus IS a úsáid chun cinnteoireacht láidir, fianaise-bhunaithe a éascú.	Uirlisí agus réitigh anailísíochta sonraí curtha ar fáil.  Uirlisí agus réitigh IS curtha ar fáil.  Uirlisí agus réitigh CFG curtha ar fáil.  Straitéis CFG cruthaithe.  Straitéis Sonraí cruthaithe.  Catalóg sonraí cruthaithe.

# Airgeadas

Tá an Roinn Airgeadais freagrach as maoirsiú agus bainistíocht a dhéanamh ar airgeadas na Comhairle. Áirítear leis seo monatóireacht agus rialú ar ioncam agus ar chaiteachas i ngach réimse, ag socrú riachtanais iasachtaithe agus léasaithe agus bainistíocht cistíochta. Tá sé mar aidhm ag an Roinn Airgeadais a chinntiú go ndéantar airgeadas iomlán na Comhairle a bhainistiú go críonna.

Tá an Roinn roinnte i roinnt réimsí ar leith:

1. Bailiú Ioncaim (Rátaí/ÁCPN).
2. Cuntais iníochta.
3. Bainistíocht cistíochta.
4. Soláthar.
5. Bainistíocht Airgeadais & Rialú Ioncaim agus Caiteachais Chaipitil agus tacaíocht Agresso MS7.
6. Bainistíocht éileamh árachais.

## Príomhchuspóirí Seirbhíse:

Leagtar amach sa tábla thíos na cuspóirí soláthair seirbhíse do na príomhsheirbhísí a sholáthrófar le linn 2025:

Uimhir Thagartha an Phlean Chorporáidigh	Uimhir an Phlean Bliantúil Soláthair Seirbhíse	Cuspóir Seirbhíse	Tomhas Feidhmíochta
CP-T6.G6.O1	SDP25-F-01	Bainistiú Fiachais Gníomhach (Rátaí/ÁCPN)	Monatóireacht leanúnach ar bhailiúcháin.
CP-T6.G6.O1	SDP25-F-02	Bainistiú Cuntas Iníochta agus Bainistíocht Cistíochta	A chinntiú go ndéantar gach admháil agus íocaíocht a bhainistiú i gceart agus go bhfuil siad bailí.
CP-T6.G6.O1	SDP25-F-03	Bainistiú Éifeachtach ar Éilimh Dliteanais agus ar Bheartais Árachais	Próiseas láidir bainistíochta éileamh a bheith i bhfeidhm.
CP-T6.G6.O1	SDP25-F-04	Cinntiú go ndéantar athbhreithniú agus monatóireacht ar Bhuiséid	Athbhreithnithe buiséid agus rannpháirtíocht leanúnach ar shaincheisteanna buiséadacha le ranna i rith na bliana.
CP-T6.G6.O3	SDP25-F-05	Clár Caipitil 3 Bliana a Tháirgeadh	Curtha faoi bhráid na gComhaltaí go bliantúil.
CP-T6.G6.O3	SDP25-F-06	Buiséad Bliantúil a Tháirgeadh	Buiséad curtha faoi bhráid na gComhaltaí go bliantúil agus aontaithe laistigh den amlíne reachtúil.
CP-T6.G6.O3	SDP25-F-07	Ráiteas Airgeadais Bliantúil a tháirgeadh	Críochnú an Ráiteas Airgeadais Bliantúil san amlíne reachtúil.



Uimhir Thagartha an Phlean Chorporáidigh	Uimhir an Phlean Bliantúil Soláthair Seirbhíse	Cuspóir Seirbhíse	Tomhas Feidhmíochta
CP-T6.G6.O1 CP-T6.G6.O3	SDP25-F-08	Sárchleachtas agus luach ar airgead a bhaint amach i soláthar	Comhlíonann an Chomhairle an riachtanas Soláthair Poiblí.



# Dlí

Soláthraíonn an Roinn Dlí seirbhís dlí intí don Phríomhfheidhmeannach agus do gach Roinn den Chomhairle maidir le feidhmeanna reachtúla na Comhairle.

Is iad na réimsí seo a leanas na príomhsheirbhísí:

- tíolacadh
- dlíthíocht
- forfheidhmiú an chóid
- aisghabháil fiach
- rialtas áitiúil
- comhairle dlí

Cuirtear oiliúint leanúnach ar fáil don fhoireann i réimsí na forbartha gairmiúla, eolas dlí agus T.F.

## Príomhchuspóirí Seirbhíse:

Leagtar amach sa tábla thíos na cuspóirí soláthair seirbhíse do na príomhsheirbhísí a sholáthrófar le linn 2025:

Uimhir Thagartha an Phlean Chorparáidigh	Uimhir an Phlean Bliantúil Soláthair Seirbhíse	Cuspóir Seirbhíse	Tomhas Feidhmíochta
CP-T6.G6.O1 CP-T6.G6.O3	SDP25-L- 01	Seirbhísí dlí a sholáthar don Phríomhfheidhmeannach agus do gach Roinn den Chomhairle	Comhairle agus seirbhísí dlí ardchaighdeáin curtha ar fáil.



# Seirbhísí Daoine

Tá an Roinn Seirbhísí Daoine tiomanta do raon gníomhaíochtaí AD mar earcaíocht, oiliúint agus forbairt foirne, leas agus folláine na foirne, caidreamh tionsclaíoch, sláinte agus sábháilteacht, riarachán pá/tuarastal, agus aoisliúntas.

I 2025 leanfaidh Seirbhísí Daoine lena n-iarachtaí earcaíochta chun an fhoireann riachtanach a mhealladh agus a choinneáil do phríomhphoist. Ina theannta sin, leagfaidh an Roinn béim láidir ar dheiseanna foghlama a leathnú agus fás gairmiúil leanúnach a spreagadh chun cur le scileanna agus cumais an lucht saothair.

Leanfaidh Seirbhísí Daoine le tionscnaimh agus cláir a chur i bhfeidhm atá dírithe ar chothromaíocht oibre is saoil a chur chun cinn, acmhainní sláinte agus folláine a thairiscint, agus seirbhísí tacaíochta a sholáthar mar an tOifigeach Leasa Foirne agus an tSeirbhís Cúnaimh d'Fhostaithe. Tá sé ríthábhachtach tinreamh den scoth a chur chun cinn agus timpeallacht oibre atá sábháilte agus sláintiúil a chinntiú. Trí na hiarrachtaí seo, táimid tiomanta do thimpeallacht oibre thacúil agus rathúil a chruthú do gach ball foirne.

## Príomhchuspóirí Seirbhíse:

Leagtar amach sa tábla thíos na cuspóirí soláthair seirbhíse do na príomhsheirbhísí a sholáthrófar le linn 2025:

Uimhir Thagartha an Phlean Chorpáidigh	Uimhir an Phlean Bliantúil Soláthair Seirbhíse	Cuspóir Seirbhíse	Tomhas Feidhmíochta
CP - T6.G6O1	SDP25- PS - 01	Fís Fhine Gall a sheachadadh trí sheirbhísí den scoth a sheachadadh, trí rannpháirtíocht chomhoibríoch agus trí chultúr ionad oibre atá tacúil agus cuimsitheach	A chinntiú go ndéantar Éagsúlacht agus Comhionannas a chomhtháthú san eagraíocht trí chultúr cuimsitheach san ionad oibre.  Pleanáil Straitéiseach don Fhórsa Saothair curtha i bhfeidhm agus monatóireacht á déanamh air ag cinntiú go líontar folúntais foirne ar bhealach tráthúil.  Freastal Réamhghníomhach a spreagadh.
CP - T6.G6.O2	SDP25- PS - 02	Leas na heagraíochta a chothú trí chur ar chumas na foirne a gcuid lánacmhainneacht a bhaint amach trí oiliúint agus forbairt ábhartha	Cur i bhfeidhm CBFF arna thacú ag plean oiliúna bliantúil na Comhairle agus ag an Scéim Breisoideachais, ag forbairt scileanna agus ag cur forbairt gairme chun cinn.



Uimhir Thagartha an Phlean Chorporáidigh	Uimhir an Phlean Bliantúil Soláthair Seirbhíse	Cuspóir Seirbhíse	Tomhas Feidhmíochta
			<p>Gníomhaíochtaí agus seirbhísí Folláine Foirne curtha i bhfeidhm tríd an Straitéis Folláine, Oifigeach Leasa Foirne agus Seirbhís Cúnaimh d'Fhostaithe.</p> <p>Cur i bhfeidhm Sláinte agus Sábháilteacht Cheirde, Reachtaíocht agus Cóid Chleachtais.</p>
CP - T6.G6.O9	SDP25- PS - 03	<p>Ár ndualgas san Earnáil Phoiblí a chomhlíonadh trína chinntiú go mbíonn comhdheiseanna ag gach duine rochtain a fháil ar, agus/nó leas a bhaint as aon seirbhís nó feidhm a sholáthraítear tríd an bPlean Corparáideach</p>	<p>I Gach beartas AD a chur i bhfeidhm.</p> <p>Socrúithe réasúnta a sholáthar chun tacú leis an bhfoireann agus iad a éascú.</p> <p>Cumarsáid inmheánach rialta a chinntiú chun fostaithe a choinneáil ar an eolas agus a bheith rannpháirteach.</p> <p>Próiseáil éifeachtach párolla agus aoisliúntais.</p>



# ÚDARÁS INNIÚIL

Tá Comhairle Contae Fhine Gall ainmnithe mar an tÚdarás Inniúil chun críocha rialáil torainn aerárthaigh ag Aerfort Bhaile Átha Cliath.

# An tÚdarás Inniúil um Thorann Aerárthaí

Tá an tÚdarás Inniúil um Thorann Aerárthaí (ÚITA) freagrach as monatóireacht, measúnú agus rialú a dhéanamh ar bhainistíocht torainn aerárthaigh ag Aerfort Bhaile Átha Cliath. Cuirtear an fheidhm seo i gcrích laistigh de cheanglais reachtaíocht an AE agus na hÉireann, a fhorálann do chur i bhfeidhm an Chur Chuige Chothrom maidir le bainistiú torainn aerárthaigh nuair a aithnítear fadhb torainn ag Aerfort Bhaile Átha Cliath. Áirítear le feidhmeanna an Údaráis Inniúil forbairt inbhuanaithe aeriompair a chur chun cinn agus feabhas a chur ar an timpeallacht torainn timpeall an Aerfoirt.

## Príomhsheirbhísí agus Acmhainní Airgeadais:

Tá gach costas a thabhaíonn an tÚdarás Inniúil in-aisghabhála go hiomlán ón ÚABÁC. Leagtar amach sa tábla thíos an soláthar buiséadach a ghlac Comhaltaí Chomhairle Contae Fhine Gall i mBuiséad 2025 chun na seirbhísí seo a mhaoiniú:

Príomhsheirbhís / Seirbhís ar Chostas Íseal	Cur síos ar an tseirbhís	Iomlán (€)
E13	Cáilíocht Uisce, Truailliú Aeir agus Torainn	2,809,800
<b>Iomlán</b>		<b>€ 2,809,800</b>

Forordóidh an tÚdarás Inniúil le rialachán an tobhach aerfoirt a bheidh le híoc ag féachaint do na costais a thabhfófar nó a mbeifí ag súil le réasún a thabhfófar i bhfeidhmiú a fheidhmeanna reachtúla agus déanfar aon bharrachas ar ioncam ó tobhach aerfoirt a fhritháireamh i gcoinne costas don bhliain ina dhiaidh sin nó ar ais chuig údarás an aerfoirt.

## Príomhchuspóirí Seirbhíse:

Leagtar amach sa tábla thíos na príomhsheirbhísí a sholáthrófar le linn 2025:

Uimhir Thagartha an Phlean Chorpáidigh	Uimhir an Phlean Bliantúil Soláthair Seirbhíse	Service Objective	Performance Measurement
CP-T6.66.O3	SDP25- ANCA- 01	A chinntiú go ndéantar measúnú ar an torann a ghineann gníomhaíocht aerárthach ag Aerfort Bhaile Átha Cliath agus foráil a dhéanamh d'fheidhmiú chur chuige cothromaithe an EESI nuair a shainnítear fadhb torainn	Déantar staid an torainn ag Aerfort Bhaile Átha Cliath a mheasúnú de réir na gceanglas reachtúil agus an chinnidh rialaithe a fhoilsítear.



Uimhir Thagartha an Phlean Chorparáidigh	Uimhir an Phlean Bliantúil		Cuspóir Seirbhíse	Tomhas Feidhmíochta
	Soláthair Seirbhíse			
CP-T6.66.03	SDP25- ANCA - 02		A chinntiú go ndéantar measúnú ar impleachtaí torainn aerárthaigh na n-iarratas pleanála ag Aerfort Bhaile Átha Cliath	Déantar iarratais phleanála ag Aerfort Bhaile Átha Cliath a mheasúnú laistigh de na frámaí ama reachtúla.
CP-T6.66.03	SDP25- ANCA - 03		Monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh bearta maolaithe torainn agus srianta oibriúcháin	Monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh bearta maolaithe torainn agus srianta oibriúcháin



**Comhairle Contae  
Fhine Gall**  
Fingal County  
Council

